the arts council
an chomhairle ealaíon

# Tuarascáil ar Thraidisiún na Cruitireachta in Éirinn

Toner Quinn

Deireadh Fómhair 2014





Cruinniú phobal na cruitireachta sa Chomhairle Ealaíon, 2013.
Chun tosaigh: **Máire Ní Chathasaigh; Siobhán Armstrong; Sheila Larchet Cuthbert; Aibhlín McCrann; Áine Ní Dhubhghaill; Caitríona Yeats; Helen Lawlor.** Sa dara sraith: **Caitríona Rowsome; Dr Sandra Joyce; Deirdre Granville; Michelle Mulcahy; Laoise Kelly; Janet Harbison; Aisling Ennis; Theresa O'Donnell; Joleen McLaughlin; Ann Jones Walsh; Mary Louise O'Donnell.** Sa tríú sraith: **Paul Flynn; Tim O'Carroll; Maura Uí Chróinín; Dr Colette Moloney; Deirdre Ní Bhuachalla Pádraigín Ní Uallacháin; Gay McKeon; Geraldine O'Doherty; Úna Ní Fhlannagáin; Claire O'Donnell.** Sa cheathrú sraith: **Cormac De Barra; Kavan Donohœ; Seosaimhín Ní Bheaglaoich; Kathleen Loughnane ; Nicholas Carolan; Mary Nolan agus; Catríona Cannon.** Back row: **Kieran Cummins; Simon Chadwick; Fintan Vallely; Peter Browne; Toner Quinn; Paul Dooley; Jan Muyllært.** Grianghraf le Maxwell Photography

# GUTHANNA NA GCRUITIRÍ GAELACHA

*'Tá bród agus áthas orm faoi dhoimhneacht na tallainne cruitireachta in Éirinn. Tá súil agam go gcothófar na cruitirí cumasacha sin i gcónaí agus go gcabhrófar leo i dtír a bhfuil an chruit mar shuaitheantas náisiúnta aici.'*

*'Tá spéis sa chruit Ghaelach de shíor ag fás agus ag forbairt ar fud na cruinne!'*

*'Díol iontais dom i gcónaí an tionchar domhain a imríonn an uirlis álainn seo ar luchtanna éisteacha ar fud an domhain.'*

*'Ceapaim gur gnáthuirlis i measc an phobail í an chruit anois, rud atá iontach.'*

*'Ba cheart go mbeadh deis ag gach páiste Éireannach [an chruit] a chloisteáil agus a fheiceáil... cuid dár gcultúr agus dár n-oidhreacht í agus tá dualgas orainn iarracht a dhéanamh an traidisiún sin a choinneáil beo.'*

*'Feictear dom agus mé ag seinm do dhaoine go bhfuil... an oiread céanna spéise acu sna scéalta a bhaineann leis an gcruit agus atá sa cheol féin.'*

*'Tá margadh iomlán ansin a d'fhéadfaí a chruthú agus a fhorbairt bunaithe ar an gcruit chun turasóireacht agus an saol cultúrtha a fheabhsú agus chun ioncam a ghiniúint.'*

*'Táim ag foghlaim na huirlise le níos lú ná bliain, agus táim ag baint an-tairbhe as.'*

*'Tá méadú ollmhór ar an spéis sa chruitireacht feicthe agam. Ó thosaigh mé ag múineadh… tá líon na scoláirí atá ag foghlaim na cruite tar éis dúbailt.'*

*'Ceapaim gur inspreagadh ar fud na cruinne é traidisiún cruitireachta na hÉireann.'*



Achoimre Fheidhmeach 7

Réamhrá 11

1. Cúlra an Taighde 14


2. Stair Ghearr na Cruite in Éirinn 20

3. Saol Comhaimseartha na Cruite in Éirinn: Torthaí ón Suirbhé ar Chruitirí 28

4. Moltaí 81




Stiúrann Janet Harbison *Brian Boru Lion of Ireland* – sraith cheolfhoirneach do chruiteanna, do phíoba agus do ghuthanna, 2014. Grianghraf le John Garrett



**The Dalway Harp**

*Made in A.D. 1621, by Donal O'Dermody of Kilkenny, for Sir John Fitz Edmund Fitzgerald of Cloyne, Co. Cork, Ireland.*

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Ar feadh cúpla céad bliain, ón mbliain 1,000AD ar a laghad, d'fhorbair cultúr saibhir taibhithe, cumadóireachta, tobchumadóireachta, ensemble agus ceardaíochta thart timpeall ar an gcruit in Éirinn. Ach faoi dheireadh an 18ú haois, agus plandáil i ndiaidh plandála tar éis tarlú in Éirinn, bhí an struchtúr sóisialta a thacaigh leis an gcultúr sin scriosta agus laghdaigh an traidisiún go líon beag cruitirí aonair a bhíodh ag taisteal.

Ghabh Edward Bunting sampla beag den traidisiún fíorshaibhir seo i gcló ag Féile na gCruitirí i mBéal Feirste sa bhliain 1792. Roghnaigh náisiúnaithe polaitiúla an chruit mar shiombail d'intleachtacht chultúrtha na tíre an t-am sin freisin. Tá an siombalachas sin fós beo sa lá atá inniu ann.

Ainneoin thábhacht náisiúnta na huirlise, lean seinm na cruite Gaelaí ag dul i léig ar feadh an 19ú haois, go dtí ré seo againne.

Ach de bharr iarracht ollmhór pobal beag cruitireachta in Éirinn le trí scór bliain anuas, tá an chruitireacht Ghaelach athnuaite agus athshamhalta, agus tá bunsraith seo an tsaoil ealaíonta in Éirinn, atá míle bliain d'aois, níos láidre anois ná mar a bhí le dhá chéad bliain anuas.

Réimse spleodrach nideoige i saol comhaimseartha ceoil na hÉireann í, a bhfuil rabharta nua taibhithe, cumadóireachta, comhoibrithe agus tástála ar bun inti, agus atá á saibhriú ag cruitirí Éireannacha agus idirnáisiúnta den chéad scoth.

Ainneoin an éilimh atá ag teacht uirthi áfach, tá clú na cruitireachta Gaelaí fós thar a bheith lag. Tá siad seo a leanas i measc cuid de na príomhchúiseanna leis sin:

- easpa oideachais phoiblí faoi ilghnéitheacht agus spleodar an chleachtais chomhaimseartha agus faoin traidisiún saibhir cruitireachta, agus easpa feasachta orthu;
- easpa deiseanna suntasacha taispeántais go bliantúil i mBaile Átha Cliath (nó i mBéal Feirste) do chleachtas comhaimseartha na cruitireachta Gaelaí (cosúil, mar shampla, le Féile Idirnáisiúnta Cláirsí Dhún Éideann in Albain);
- costas ollmhór uirlisí agus easpa scéim náisiúnta chun cruiteanna a fháil ar cíos (mar atá in Albain);
- an líon beag déantóirí cruite Gaelaí agus an easpa taighde agus taifeadta ar dhéanamh cruite Gaelaí;
- bonneagar tacaíochta scaipthe agus gann ar acmhainní, gan aon scátheagraíocht lárnach ná ceanncheathrú fhisiciúil do chleachtas cruitireachta Gaelaí;
- líon íseal iarratas ó chruitirí do scéimeanna dámhachtana na Comhairle Ealaíon, lena n-áirítear coimisiúnú saothair nua;
- easpa bunachar sonraí lárnach faoi na teagascóirí reatha;
- easpa soláthar do thraidisiún cruitireachta ag roinnt féilte ceoil thraidisiúnta;



Paul Dooley, Úna Ní Fhlannagáin, Caitríona Rowsome. Máire Ní Chathasaigh agus Deirdre Granville. Cruinniú sa Chomhairle Ealaíon, 2013.
Grianghraf le Maxwell Photography

- mí-oiriúnacht cuid de scéimeanna na Comhairle Ealaíon d'earnáil na cruitireachta;
- an líon mór taighde agus foilsitheoireachta atá le déanamh fós ar thraidisiún na cruitireachta Gaelaí.

Déantar 14 mholadh sa tuarascáil seo a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt ar an scéal, lena n-áirítear,

- tacaíocht d'Fhóram na Cruitireachta Gaelaí a chuimseodh gach eagraíocht cruitireachta;
- níos mó tacaíochta do na príomheagraíochtaí, Cairde na Cruite, Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann (HHSI) agus Irish Harp Centre;
- tacaíocht do thaighde ar fhorbairt Lárionad na Cruitireachta Gaelaí;
- a chinntiú go bhfuil dóthain solúbthachta i scéimeanna na Comhairle Ealaíon chun freastal ar réimse iomlán na gníomhaíochta cruitireachta Gaelaí agus chun freastal uirthi;
- tacaíocht d'fhorbairt oiliúna gairmiúla le haghaidh cruitirí;
- tionscnamh feasachta poiblí chun níos mó cruitirí a spreagadh le cur isteach ar réimse scéimeanna, sparánachtaí agus dámhachtana coimisiúin na Comhairle Ealaíon;
- tacaíocht do thabhairt isteach scéim náisiúnta cíos cruite;
- an deis a bhaineann le Comóradh 2016 a thapú trí fhéile bhliantúil chruitireachta Gaelaí a bhunú i mBaile Átha Cliath;
- níos mó féilte ceoil thraidisiúnta a spreagadh le teagasc cruitireachta a chur ar fáil;
- bunachar sonraí a chruthú de theagascóirí reatha agus d'imeachtaí ag a bhféadfadh scoláirí féideartha an chruit Ghaelach a thriail (ar nós na ndeiseanna a chuireann na Píobairí Uilleann ar fáil don phíb uilleann);
- tacú le déantóirí cruite Gaelaí trína spreagadh le cur isteach ar thacaíochtaí ábhartha;
- tacú le níos mó taighde agus foilsitheoireachta ar thraidisiún na cruitireachta Gaelaí.

Tá an chláirseach ar thairseach áit shuntasach a fháil ar ais i saol cultúrtha na hÉireann, ag tabhairt doimhneacht traidisiúin agus cruthaitheachta ceolmhaire ar leith léi. Is beag leas a bhaintear as an bhféidearthacht go spreagfaidh agus go saibhreoidh sí ealaíona na hÉireann ar fud an raoin chomhaimseartha ar fad. Tar éis turas míle bliain don chláirseach, tá deis ag an gComhairle Ealaíon in 2015 na tacaíochtaí comhaimseartha don uirlis a dhéanamh níos buanseasmhaí, agus a chinntiú go mbeidh an traidisiún stairiúil Gaelach seo faoi bhláth sa todhchaí.



An cruitire Laoise Kelly ag seinm in *Sokolo – Atlantic Rhythms* le healaíontóirí as Éirinn agus as Québéc, 2015.
Grianghraf le Brian Farrell

# RÉAMHRÁ

Tús mhí Iúil 2014, d'fhill mé ó thrí lá a chaitheamh ag an gCúirt Chruitireachta, scoil samhraidh agus sraith ceolchoirmeacha don chruit Ghaelach atá ar bun le 29 mbliana anuas i dTearmann Feichín i gContae Lú. An tráthnóna sin, chonaic mé plé trí sheans ar chlár teilifíse RTÉ, *Primetime*, ar phleananna Rialtas na hÉireann do Cháinaisnéis 2014.

Níor thóg sé i bhfad gur thug mé faoi deara go raibh íomhá mhór á taispeáint ó am go ham ar an scáileán taobh thiar den phlé. Íomhá í a bhfuil an oiread sin taithí againn uirthi in Éirinn go ndéanaimid neamhaird di go minic, ach sin ansin í, ag croílár ár gcúrsaí náisiúnta, de shíor ag cur dhoimhneacht léiriú an cheoil Ghaelaigh i gcuimhne dúinn, agus í fós ag dul i bhfeidhm orainn míle bliain níos deireanaí.

Ní le linn díospóireachtaí teilifíse ar an gCáinaisnéis náisiúnta amháin a fheictear íomhá den chruit; bíonn sí le feiceáil ar gach litir a scríobhann Teachtaí Dála, ar lógónna na ranna Stáit, ar shéala oifige an Uachtaráin, ar ár mboinn agus ar ár ndioscaí mótarchánach, ar hataí na Seirbhíse Póilíní i dTuaisceart Éireann, ar bhonn puint na Breataine, i mbarrtheideal nuachtáin náisiúnta na hÉireann, in ailtireacht Theach an Chustaim agus Dhroichead Samuel Beckett i mBaile Átha Cliath, ar ghloiní leanna dhuibh i ngach teach tábhairne in Éirinn, agus i mbealaí eile gan áireamh a bhaineann leis an Éireannachas, ní hamháin in Éirinn ach ar fud na cruinne.

Céard atá i gceist le huirlis náisiúnta a bheith againn mar shiombail náisiúnta? Agus céard atá ar eolas againn faoin uirlis seo a fheicimid gach lá, ach nach gcloisimid minic go leor? Céard is féidir léi a insint dúinn faoinár gceol agus faoinár stair, agus fúinn féin fiú?

Níl tábhacht le cruit mar shiombail náisiúnta mura dtugaimid brí don siombalachas sin – trí rannpháirtíocht agus trí ghníomh – agus tugann uirlis cheoil deis faoi leith dúinn.

Ní hamháin go bhféadfadh an chruit a bheith ina siombail ar phár, ach d'fhéadfadh sí freisin a bheith ina siombail den chaoi a gcothaímid agus a dtugaimid cúram dár dtraidisiúin cheoil, dár stair agus dár gcultúr, dár n-éagsúlacht, chomh maith leis na deiseanna ceoil a chuirimid ar fáil dár saoránaigh. Is mar gheall ar ról domhain na cruite inár sochaí le breis agus míle bliain anuas go bhfuil an oiread sin tábhachta leis an deis sin.

I gcás go leor de mhuintir na hÉireann, d'fhéadfadh gur rud scoite í an chruit. Ní raibh an tsuntasacht chéanna ag baint léi le gnéithe eile dár saol ceolmhar, ná an caché. Ach mar sin féin, trí iarracht ollmhór cruitirí, eagraíochtaí agus díograiseoirí na huirlise le trí scór bliain anuas, tá athbheochan iontach ar bun sa chruitireacht Ghaelach. Turas é ceol na cruite Gaelaí sa lá atá inniu ann atá ag fanacht orainn ar fad.

I láthair na huaire, tá saol na cruitireachta Gaelaí tar éis leibhéil nua rannpháirtíochta agus spéise a bhaint amach, agus tá deis éagoiteann ag an gComhairle Ealaíon chun cabhrú leis a chumas iomlán a bhaint amach.

Tá traidisiúin chruitireachta ar fud na cruinne, ón Afraic fho-Shahárach go Meiriceá Theas, ón Áise go dtí an Eoraip, agus tá an t-ádh ar Éirinn go bhfuil traidisiún ársa cruitireachta aici a bhfuilimid ag foghlaim níos mó agus níos mó faoi de bharr taighde comhaimseartha. Traidisiún é a aisghabhadh, a athchruthaíodh, a athshamhlaíodh agus a athléiríodh don lá atá inniu ann. Bunchloch stairiúil shaol ceoil na hÉireann í an chruit.

Nuair a chuimhnímid ar chruitireacht Ghaelach, ní mór go mbeadh *éagsúlacht* mar phríomhfhocal againn. Uirlis í atá á seinm ar an oileán seo le míle bliain anuas meastar – cúpla céad bliain níos faide ná an ceol ar a dtugaimid ceol traidisiúnta na hÉireann inniu – agus tá sí an-ilghnéitheach go deo, ag tabhairt dhúshlán ár sainmhínithe comhaimseartha ar sheánraí ceoil.

Go deimhin, ní cruit Ghaelach amháin atá ann ach an *chruit luamháin* Ghaelach a mbíonn an t-éileamh is mó uirthi sa lá atá inniu ann agus a d'eascair as forbairt cruite nua Gaelaí 200 bliain ó shin, agus an *chruit Ghaelach luath*, a seinneadh go dtí na 1800idí agus ansin a chuaigh i léig ar fad beagnach, ach a bhfuil athbheochan á déanamh uirthi i láthair na huaire. Tá an *chláirseach cheolchoirme* ann freisin, a bhaineann le ceol clasaiceach an Iarthair go príomha, ach ar a seinntear ceol cruitireachta Gaelaí freisin agus a raibh páirt thábhachtach aici i bhforbairt shaol reatha na cruitireachta Gaelaí. Seinneann go leor cruitirí, mar a léireofar sa tuarascáil seo, níos mó ná cineál amháin.

Úsáidim na téarmaí 'cruit Ghaelach luath' agus cruit luamháin Ghaelach' sa tuarascáil seo ar mhaithe le soiléireacht. De ghnáth, deir na cruitirí go seinneann siad '*an chruit*', '*an chláirseach*' nó an '*chruit Ghaelach*', agus '*an tseanchláirseach*'.

(Is fiú a thabhairt faoi deara ag an bpointe luath seo gur cruit Ghaelach luath í an chruit atá mar shiombail náisiúnta na hÉireann – an chruit ar ár mboinn. Tugtar cruit Bhriain Bhóramha ar an gcruit seo atá i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus arb as an 15ú haois di. Rinneadh macasamhlacha di ionas go bhféadfaí an fhuaim a dhéanann sí a chloisteáil – agus cé nach mbeadh ag iarraidh an chruit sin a chloisteáil sa lá atá inniu ann?)

Cleachtais ealaíon spleodracha chomhaimseartha iad gach léiriú ar thraidisiún na cruitireachta Gaelaí. Tá difríochtaí le sonrú ar ndóigh sa stíl, sa mheon agus sa chur chuige a bhíonn ag cruitirí – agus gur fada buain iad – ach is í an éagsúlacht sin a dhéanann saol na cruitireachta chomh mealltach agus chomh saibhir sin agus chomh tarraingteach ó thaobh an cheoil de.

---

Le linn an taighde seo i samhradh na bliana 2014, d'fhreastail mé ar roinnt ceadail chruite agus chuaigh an réimse ábhair is féidir a sheinm i gceolchoirm chruitireachta i bhfeidhm orm arís is arís eile.

Tá an chruit difriúil toisc gur féidir léi feidhmiú mar uirlis aonréid agus mar uirlis tionlacain – tá a raon léirithe cosúil le huirlis mhéarchláir ina leith sin.

Feileann sí do réimse ollmhór cineálacha difriúla taibhithe, ó ensemble agus ceolfhoirne cruite go tionlacan d'uirlisí eile agus d'amhránaithe; taibhiú aonréid, ar nós léirithe ar cheol na gcumadóirí cruitireachta luaithe; nó go deimhin féin féadfaidh cruitirí canadh agus tionlacan a sheinm dóibh féin ag an am céanna, ag canadh amhráin thraidisiúnta nó chomhaimseartha.

Mar a fheicfidh an léitheoir sa tuarascáil seo, tá an-éagsúlacht i gcleachtas na cruitireachta Gaelaí, ach mar phobal tá saincheist amháin a bhfuiltear aontaithe uirthi, agus is é sin go bhfuil iomrá íseal agus íomhá sheanfhaiseanta na cruitireachta Gaelaí ina bacainn d'fhorbairt na huirlise sa todhchaí.

Níl an tseaníomhá de chailín Gaelach ag seinm ceol cúlra agus ag canadh amhráin mhaoithneacha Éireannacha ag teacht ar chor ar bith le saol comhaimseartha na cruitireachta Gaelaí. Beo beathach faoin cliché sin í foirm ealaíne atá lán beochta, rímháistreachta, machnaimh, nuálaíochta agus staire – agus lán de thallann óg agus de chruitirí den chéad scoth a dteastaíonn uathu an gradam atá tuillte acu a bhaint amach.

---

Cuirtear tús leis an tuarascáil seo le stair thar a bheith gearr den chruit in Éirinn – a theastaíonn chun tuiscint a fháil ar chomh domhain is atá a fréamhacha – agus leantar sin le sonraí faoi shaol comhaimseartha na cruitireachta mar a tugadh le fios sa Suirbhé ar Chruitirí le deireanaí, agus ar deireadh déantar cur síos ar na dúshláin reatha agus ar 14 mholadh d'fhorbairt amach anseo.

Ba mhór an phribhléid dom tabhairt faoin taighde seo. B'oscailt mhór súl dom foghlaim faoi dhoimhneacht thraidisiún na cruitireachta, agus faoin chruitireacht chomhaimseartha, i dtéarmaí an cheoil Ghaelaigh agus Éireann féin.

Táim buíoch de phobal na cruitireachta Gaelaí as a bhflaithiúlacht mhór lena n-eolas agus lena n-am, as an lear mór ceisteanna a bhí agam a fhreagairt, agus as fáilte a chur romham ag ceolchoirmeacha agus ag féilte éagsúla.

Tá súil agam, de bharr na tuarascála seo, go mbeidh deis ag i bhfad Éireann níos mó daoine taithí a fháil ar shaibhreas ár dtraidisiúin cruitireachta, go mbeidh rath air sa todhchaí, agus go bhfeicfear Éire mar eiseamláir de thír a chothaíonn a traidisiúin cheoil agus a thacaíonn leo.

**Toner Quinn**
**Deireadh Fómhair 2014**

# 1. CÚLRA AN TAIGHDE

Coimisiúnaíodh an taighde seo mí an Mheithimh 2014. Rinneadh sin i ndiaidh cruinniú de chruitirí Gaelacha a bhí ar siúl sa Chomhairle Ealaíon an 16 Deireadh Fómhair 2013.

D'eagraigh an Chomhairle an cruinniú stairiúil sin, a raibh 47 duine i láthair aige, ó phobal na cruitireachta Gaelaí go príomha, ach a raibh ionadaithe ó phríomheagraíochtaí an cheoil thraidisiúnta agus ó phobal níos leithne an cheoil ina measc freisin.

Tháinig trí phríomh-uaillmhian chun cinn le linn an chruinnithe sin:

- go mbunófaí Fóram Náisiúnta Cruitireachta;
- go mbunófaí Lárionad Idirnáisiúnta don Chruit in Éirinn; agus
- go mbunófaí Lá Idirnáisiúnta na Cruite Gaelaí.

Díríodh freisin orthu seo a leanas:

- níos mó tacaíochtaí a thabhairt isteach do dhéanamh cruite in Éirinn,
- an gá le croímhaoiniú rialta d'eagraíochtaí cruitireachta ón gComhairle Ealaíon, seachas go mbeidís ag brath ar mhaoiniú tionscadail nó féile.

Mar fhreagair air sin, gheall an Chomhairle taighde a choimisiúnú ar thraidisiún na cruitireachta mar bhonn d'fhorbairt amach anseo agus eisíodh gairm phoiblí mí Aibreáin 2014.

## An Siompóisiam Cruitireachta, 2010

Tháinig an cruinniú sa Chomhairle Ealaíon i ndiaidh Siompóisiam Cruitireachta a tionóladh trí bliana roimhe sin mar chuid den Chúirt Chruitireachta, Féile Idirnáisiúnta na Cruite Gaelaí, i dTearmann Feichín i gContae Lú i mí an Mheithimh 2010.

D'eagraigh Cairde na Cruite an siompóisiam, inar sainaithníodh na saincheisteanna seo a leanas

- an gá le lárionad don chruitireacht Ghaelach;
- an gá le níos mó comhoibre idir eagraíochtaí cruite;
- an tábhacht le stór na cruitireachta luaithe a chosaint;
- bunú bunachar sonraí náisiúnta do mhúinteoirí;
- an gá a chinntiú go bhfuil teagasc d'ardchaighdeán ar fáil;
- tabhairt isteach scéim printíseachta déanta cruite.



Kavan Donohue, Claire O'Donnell, Dr Colette Moloney, Kieran Cummins, Seosaimhín Ní Bheaglaoich, Aibhlín McCrann, Fintan Vallely, Nicholas Carolan, Cormac de Barra. Cruinniú sa Chomhairle Ealaíon, 2013.
Grianghraf le Maxwell Photography

## Coimre an taighde

Ba é cuspóir an taighde seo, mar a shainigh an Chomhairle Ealaíon é:

- Imscrúdú a dhéanamh ar thraidisiún na cruitireachta in Éirinn agus ar na saincheisteanna a imríonn tionchar ar a fhorbairt. Ba cheart don taighde:
  - réimse agus leibhéal na gníomhaíochta cruitireachta i ngach foirm, lena n-áirítear déanamh cruite, a thaifead agus a thomhas;
  - riachtanais láithreacha agus fhadtéarmacha phobal na cruitireachta a shainaithint;
  - tionchar na Comhairle Ealaíon agus tacaíochta eile go dtí seo a mheasúnú; agus
  - saincheisteanna do thodhchaí thraidisiún na cruitireachta a shainaithint chun tacú go leanúnach leis na healaíona traidisiúnta.

- Ba cheart don taighde freisin:
  - anailís a dhéanamh ar na deiseanna agus ar na bacainní atá ag forbairt na cruitireachta in Éirinn;
  - machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun tacú le rannpháirtíocht an phobail sa chruitireacht in Éirinn agus a bhfeasacht uirthi;
  - measúnú a dhéanamh ar thaithí cruitirí agus páirtithe leasmhara ar fhorbairt na cruitireachta in Éirinn agus a n-ionchais di;
  - moltaí a thabhairt a bheidh le breithniú ag an gComhairle Ealaíon agus ag páirtithe leasmhara eile maidir le gníomhartha féideartha sna réimsí sin; agus
  - anailís a dhéanamh ar fhéidearthacht fhadtéarmach nó ar inbhuanaitheacht fhéideartha aon mholta a dhéantar.

## Comhthéacs

Thug an Chomhairle Ealaíon tuilleadh mionsonraí do chomhthéacs na tuarascála mar seo a leanas:

> In 2004, i ndiaidh comhairliúchán fairsing le pobal na n-ealaíon traidisiúnta in Éirinn, d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon a torthaí in *I dTreo Bheartas um na hEalaíona Traidisiúnta*.
>
> Ó shin i leith rinne an Chomhairle Ealaíon infheistíocht shuntasach i gceol traidisiúnta, in amhránaíocht thraidisiúnta, i ndamhsa traidisiúnta agus sna healaíona béil traidisiúnta. Bhí tionchar suntasach aige sin ar thacú le caomhnú agus le cur chun cinn na n-ealaíon traidisiúnta, chabhraigh sé le muinín nua a chothú sna healaíontóirí traidisiúnta agus spreag sé freisin forbairt shuntasach na foirme ealaíne agus a lucht féachana agus éisteachta.
>
> Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhfuil stádas tábhachtach ag an gcruit laistigh de na healaíona traidisiúnta i gcoitinne in Éirinn. Siombail náisiúnta bhunúsach agus fuaim ar leith de chuid na hÉireann í.
>
> Trí thabhairt faoin taighde seo, tá sé i gceist ag an gComhairle Ealaíon

iniúchadh a dhéanamh ar staid reatha na cruitireachta in Éirinn chun bearnaí a shainaithint agus chun deiseanna comhoibrithe agus forbartha a fhiosrú.

Tabharfaidh torthaí an taighde treoir d'fhorbairt na cruitireachta in Éirinn sa todhchaí, chomh maith le feidhmiú mar bhonn eolais do bhearta praiticiúla chun tacú leis an réimse seo

## Modheolaíocht

Cuimsíodh i modheolaíocht an taighde seo

- Suirbhé ar Chruitirí ar líne ;
- agallaimh leo seo a leanas
  - cruitirí agus ionadaithe eagraíochtaí cruitireachta Gaelaí ;
  - ionadaithe eagraíochtaí eile Éireannacha agus idirnáisiúnta a bhaineann leis an gcruitireacht, le ceol agus leis na healaíona ;
- freastal ar imeachtaí cruitireachta;
- taighde deisce.

## Suirbhé ar Chruitirí

Eisíodh an Suirbhé ar Chruitirí ar líne i mBéarla agus i nGaeilge an 19 Meitheamh 2014. Tugadh an 8 Iúil mar spriocdháta, cé gur síníodh sin go dtí an 14 Iúil chun freastal ar chruitirí a bhí ag freastal ar Scoil Samhraidh Willie Clancy.

Bhí 62 ceist ar 13 leathanach sa Suirbhé, a roinneadh ina 11 rannóg: Cúlra; Cruitireacht; Taibhiú; Cumadóireacht agus Cóiriú; Teagasc; Cúlra Ceoil; Scoláirí; Taifid, Foilseacháin & Acmhainní; Maoiniú; Gairm agus Eagraíochtaí agus Déantóirí Cruite.

Fuarthas 397 freagra ar an iomlán, agus ba shuirbhéanna a comhlánaíodh ina n-iomlán 272 díobh. Tá líon an tsampla do gach ceist le feiceáil ag bun gach barrachairte. Thug 20 cruitire (5%) a bhfreagraí i nGaeilge.

## Suirbhé ar Chruitirí / *I dTreo Bheartas um na hEalaíona Traidisiúnta*

Ba é sin an dara huair le deich mbliana a choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaíon taighde ar shaol na n-ealaíon traidisiúnta in Éirinn.

In 2004, nuair a thug an Coiste Speisialta um na hEalaíona Traidisiúnta faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí, fuarthas 87 aighneacht ar raon iomlán cheol traidisiúnta, amhránaíocht thraidisiúnta agus dhamhsa traidisiúnta na hÉireann. Ní bhfuarthas aighneacht ar bith ó chruitire ná ó eagraíocht cruitireachta Gaelaí. Chuaigh an Coiste i mbun comhairle le hionadaí ó Chairde na Cruite ina dhiaidh sin ar phraghas na gcruiteanna.

Dá bhrí sin is mór an t-éacht é gur fhreagair 397 cruitire an Suirbhé ar Chruitirí naoi mbliana níos déanaí, agus bhí sé i bhfad ní b'fhearr ná mar a bhí coinne leis.

Tharla sé sin mar gheall ar thimpeallacht athraithe na meán ar láimh amháin – bhí ról tábhachtach ag na meáin shóisialta, ag ríomhphost agus ag foinsí nuachta ar líne chun an suirbhé a scaipeadh – ach toradh é freisin ar an bhfás ar sheinm na cruite agus ar an díograis mhór a bhíonn ag cruitirí don uirlis.

## Maoiniú do na hEalaíona Traidisiúnta

I ndiaidh *I dTreo Bheartas um na hEalaíona Traidisiúnta* a fhoilsiú in 2004, thug an Chomhairle Ealaíon tiomantas in 2005 go méadófaí buiséad na n-ealaíon traidisiúnta go €3 mhilliún in 2006, agus go €5 mhilliún in 2008.

Chuir an ghéarchéim gheilleagrach cosc ar an bhforbairt sin. Tá deontas na Comhairle Ealaíon ó Státchiste na hÉireann tite 31.5%, ó €83m in 2007 go €56.9m in 2014. B'ionann an maoiniú díreach iomlán do na healaíona traidisiúnta in 2012 agus €2m, agus b'ionann é in 2013 agus €1.8m.



Denis O'Hempsey – a ghlac páirt i bhFéile na gCruitirí i mBéal Feirste i 1792. Arna fhoilsiú in *Irish Folk Music: a Fascinating Hobby* le Francis O'Neill, Regan Printing House Chicago, 1910.
Tuilleadh eolais: www.itma.ie

# 2. STAIR GHEARR NA CRUITE IN ÉIRINN

## An Réamhrá: Na hUaisle

Fráma ag tacú le sreanga atá ag teacht amach as fuaimbhosca – sin go bunúsach atá i gceist le cruit. Sin an chúis a bhfuil an oiread sin traidisiúin chruitireachta ar fud na cruinne. Ní haon ionadh é mar sin go mbeadh traidisiún cruitireachta in Éirinn. Is éard atá suntasach ná go raibh stádas chomh hard sin ag an gcruit i sochaí na hÉireann – sa tsochaí Ghaelach go cruinn.

Ba í an tsochaí Ghaelach an struchtúr ceannasach sóisialta ar fud na hÉireann agus i nGarbhchríocha na hAlban go dtí an 17ú haois. Bhí an-bhaint go deo idir an dá chríoch sin. Agus ar fud na sochaí Gaelaí sin ba í an chruit uirlis na n-uaisle. Bhíodh an cruitire ag seinm i gcomhthéacsanna éagsúla – mar thionlacan d'fhocail an fhile a d'aithris an reacaire, agus ag cumadh agus ag seinm ceol uirlise freisin.

Ba é sin siamsaíocht na n-uaisle Gaelacha. B'ardealaín í, ceol dúchasach a forbraíodh thar chúpla céad bliain, agus a raibh cultúr iomlán taibhithe, cumadóireachta, tobchumadóireachta, ensemble agus ceardaíochta cruinnithe thart timpeall air.

## Suaitheadh

Ach de bharr an tsuaite ar an tsochaí Ghaelach mar gheall ar phlandálacha na Sasanach sa 17ú haois – buaic na n-ionraí a thosaigh sa 12ú haois – thosaigh ról na gcruitirí ag athrú ó bhonn. Thosaigh na róil a bhíodh scartha óna chéile ag teacht le chéile.

B'ealaíontóirí aonair na cruitirí níos mó agus níos mó – ag cumadh, ag seinm agus ag canadh – a bhíodh ag taisteal agus ag tabhairt cuairte ar thithe pátrún agus ag cur siamsaíocht ar fáil mar shlí bheatha. D'athraigh siad ionas go bhfeilfidís don chóras nua cumhachta, agus bhí cúirteanna agus tithe na n-uaisle Sasanacha mar phátrúin acu chomh maith leis na Gaeil. D'fhág cruitirí eile Éire agus tá taifead orthu ag seinm i gcúirteanna na hEorpa.

Ba í plandáil na hÉireann a chinn cinniúint thraidisiún na cruitireachta Gaelaí ar deireadh, ach de bharr na bhforbairtí armónaice i gceol na hÉireann bhí an faisean ag athrú freisin. Rinne Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin (1670–1738) as an Obair i gContae na Mí – an luathchruitire is iomráití in Éirinn na linne seo – iarracht an bhearna idir an tseanstíl agus an stíl nua a laghdú trí shaothair nua a chumadh a mheasc an traidisiún Gaelach leis an stíl nua cheoil a bhí ag teacht as an Iodáil.

Ach mar aon leis na hathruithe ar an stíl cheoil, bhí litearthacht cheoil ag forbairt freisin, agus thabharfadh sí sin dúshlán stádas na dtraidisiún béil. Nuair a bhí Ó Cearbhalláin fós ina bheatha, cuireadh an chéad bhailiúchán de cheol Éireannach i gcló, a d'fhoilsigh beirt deartháireacha fiontraíocha Neal i mBaile Átha Cliath i 1724.

## Ceithre lá i mBéal Feirste

Faoi thart ar an mbliain 1750 in Albain, bhí traidisiún na cruitireachta Gaelaí imithe i léig, ach leanadh leis in Éirinn, agus rinneadh iarracht é a athbheochan i ndeireadh an 18ú haois – eagraíodh sraith comórtas do chruitirí sna 1780idí i nGránard i gContae an Longfoirt, agus ansin tionóladh an t-imeacht ba shuntasaí, imeacht ceithre lá i mBéal Feirste i 1792.

Thairg eagraithe an Belfast Harpers' Assembly – ar a dtugtar Féile na gCruitirí i mBéal Feirste anois – luach saothair airgeadais do chruitirí a thiocfadh agus a sheinnfeadh an 10-13 Iúil 1792, agus d'fhostaigh siad orgánaí as Ard Mhacha a bhí 19 mbliana d'aois darbh ainm Edward Bunting chun an ceol a sheinn siad a thras-scríobh.

D'fhreastail 11 chruitire (deichniúr Éireannach agus cruitire amháin ón mBreatain Bheag) ar an imeacht, a raibh seisear díobh dall. Ba shaothar a shaoil é as sin amach do Bunting – rinne sé i bhfad Éireann níos mó ná tras-scríobh, chuir sé na cruitirí faoi agallamh freisin, agus breac sé nodaireacht do ghnéithe breise dá gcur chuige ceoil, dá dteicnící seinnte agus den téarmeolaíocht a d'úsáid siad. D'fhoilsigh Bunting cúpla bailiúchán dá leithéid. Ní féidir áibhéil a dhéanamh ar thábhacht shaothar agus obair Bunting do chruitirí Gaelacha na linne seo.

Cé nár úsáid ach cruitire amháin i mBéal Feirste an teicníc seo, sheinneadh cruitirí i dtraidisiún na cruitireachta luaithe lena n-ingne de ghnáth, leis an láimh chlé os cionn na láimhe deise, agus d'úsáididís modh 'maolaithe' chun athshondas na sreang miotail a rialú. Teicníc í sin a úsáideann cruitirí na cruite Gaelaí luaithe go fóill.

## Bás agus breith

Faoi 1816, bhí na cruitirí ar fad a d'fhreastail ar fhéile 1792 tar éis bás a fháil. Bhí imní ar athbheochanóirí agus ar náisiúnaithe faoin gcruit, ach faoi na 1820idí bhí an líon níos lú arís.

Rinneadh iarrachtaí ó am go chéile an uirlis a athnuachan – gníomhaíochtaí teagaisc agus ceolchoirme na gcumann cruitireachta nár mhair i bhfad i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste agus i nDroichead Átha sa chéad leath den chéad, chomh maith le sraith ceolchoirmeacha gutha agus cruite i mBaile Átha Cliath in 1869 agus féile athbheochana cruite in 1879, ach ní raibh an chruit le feiceáil mórán i saol ceoil na hÉireann sa 19ú haois.

Bhí athruithe móra á ndéanamh ar an uirlis féin. De réir mar a bhain déantóirí uirlise san Eoraip leibhéil nua forbartha teicniúla amach don chláirseach cheolchoirme, d'fhorbair déantóir uirlise i mBaile Átha Cliath i dtús an 19ú haois, John Egan, cruit a chuimsigh cuma na cruite Gaelaí luaithe agus dul chun cinn teicniúil ón gcruit cheolchoirme nua-aimseartha.

Ba í sin réamhtheachtaí na cruite luamháin Gaelaí nua-aimseartha. Seinntear an uirlis sin le barr na méar, agus bíonn an lámh dheas os cionn na láimhe clé. Bíonn sreanga níolóin uirthi seachas sreanga miotail, agus tagann fuaim an-difriúil uaithi.

## Uirlis bhaineann

De bharr luach siombalach na cruite in Éirinn – roghnaigh na hÉireannaigh Aontaithe í mar shiombail na náisiúntachta – ní dhearna faillí iomlán ar an uirlis riamh, ach níor chuir aon duine isteach ar an gcomórtas cruitireachta san Fheis ceoil sna 1890idí. Cheannaigh Conradh na Gaeilge, a bunaíodh in 1893, roinnt uirlisí chun iarracht a dhéanamh níos mó cruitirí a spreagadh.

Bhí ról lárnach ag scoileanna clochair ag tús an 20ú haois toisc gur lean siad ar aghaidh ag teagasc na cruite. Chuir an Mháthair Attracta Coffey an chéad leabhar teagaisc don chruit Ghaelach i dtoll a chéile i 1903, agus ag an am céanna, bheachtaigh an déantóir cruite James McFall i mBéal Feirste stíl agus déanamh na cruite Gaelaí.

Sa chéad cheathracha bliain den fhichiú haois, mhúin líon beag múinteoirí an chruit Ghaelach, agus d'fhan an líon cruitirí beag dá réir.

Cé gur uirlis d'fhir a bhíodh sa chruit go traidisiúnta – agus slí bheatha do na daill go minic – le linn an 19ú haois is le mná a samhlaíodh an uirlis, cleachtas a lean ar aghaidh toisc gur múineadh í i scoileanna cailíní.

## Athbheochan

Croí-aidhm de chuid Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ab ea athbheochan na píbe uilleann agus na cruite Gaelaí nuair a bunaíodh é i 1951.

Go mall sna 1950idí, bhí go leor iomrá ar roinnt cruitirí Gaelacha mná, Mary O'Hara go háirithe, i measc an phobail as canadh le tionlacan cruite.

Bhí bearna ann, áfach, idir an ceol traidisiúnta a raibh an-tóir ag teacht air i measc glúin nua ag na fleadhanna ceoil a d'eagraigh Comhaltas, agus stíl, cleachtas agus stór na cruite Gaelaí.

Nuair a bhunaigh Seán Ó Riada a ghrúpa Ceoltóirí Chualann i 1960, thug sé droim láimhe don chruit Ghaelach nua-aimseartha agus roghnaigh sé an cruitchlár ina háit – b'ionann sin agus a iarracht fuaim thraidisiún na cruitireachta Gaelaí luaithe a athchruthú. Ach mhúscail Ó Riada spéis nua i gceol Thoirdhealbhaigh Uí Chearbhalláin mar sin féin.

Bunaíodh Cairde na Cruite i 1960 chun an chruit a chur chun cinn trí thaibhiú, trí oideachas agus trí fhoilsiú, agus d'fhoilsigh siad *The Irish Harp Book* le Sheila Larchet Cuthbert i 1975. Bhí ceachtanna san fhoilseachán fíorthábhachtach sin ar theicníc cruite chomh maith le réimse staidéar, cleachtaí agus cóirithe le cumadóirí comhaimseartha Éireannacha.

## Ceannródaíoch

De réir mar a d'fhás an t-éileamh ar cheol traidisiúnta na hÉireann, ba go mall a glacadh leis an gcruit i ngnáthshaol an cheoil, ach bhí tionscnaimh shuntasacha ar bun.

I 1971 d'eisigh an cruitire Briotánach Alan Stivell a albam ceannródaíoch *Renaissance of the Celtic Harp*, thaifead Moya Brennan an chruit i gcóirithe comhaimseartha leis an ngrúpa Clannad (ó 1970 i leith), thaifead Aibhlín McCrann le Ceoltóirí Laighean (1973/75), agus thosaigh an cruitire Derek Ball ag seinm le The Chieftains i 1975 agus d'eisigh sé an chéad cheann dá thaifid éagsúla den chruit Ghaelach.

Le linn an ama seo, cuireadh tús le hathbheochan sheinm na cruite Gaelaí luaithe nuair a rinneadh cruit le sreanga miotail do Ghráinne Yeats i 1970, agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá, fuair Ann Heymann cóip de chruit Otway an 18ú haois. I 1979, d'eisigh Heymann *Let Erin Remember*, an chéad taifead tráchtála a rinne iarracht ceol thraidisiún na cruitireachta Gaelaí luaithe a athchruthú go cruinn.

## Ceol damhsa

Tugadh comórtais ar an gcruit isteach ag Fleadh Cheoil na hÉireann i dtús na 1970idí. Bhí cruiteanna á n-iompórtáil isteach go hÉirinn sna 1970idí a d'fheil níos fearr do cheol damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh le luas agus le deaslámhacht de bharr a ndéanaimh níos éadroime agus tomhas miotail níos éadroime.

Bhí na cruitirí Máire Ní Chathasaigh as Droichead na Bandan i gContae Chorcaí agus Janet Harbison ó Bhaile Átha Cliath ina gceannródaithe do cheol damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh ar an gcruit. Déanann Helen Lawlor, ina leabhar *Irish Harping: 1900–2010* cur síos ar an tréimhse sin mar chor cinniúna[1], toisc gur tosaíodh ag seinm foinn damhsa thraidisiúnta ar an gcruit i stíl a bhí cosúil le stíl uirlisí ar nós na píbe uilleann agus na fidle.

De bharr theagasc fairsing na stíle traidisiúnta seo ina dhiaidh sin, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, mhéadaigh líon na gcruitirí agus thosaigh traidisiún na cruitireachta ag dul i dtreo an ghnáthcheoil thraidisiúnta.

## Oideachas

I 1985, d'eisigh Ní Chathasaigh *The New-Strung Harp*, an chéad taifead ar an gcruit Ghaelach a bhí dírithe ar cheol damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh, agus, sa bhliain chéanna, bhunaigh Cairde na Cruite, le 25 scoláire, scoil samhraidh chónaithe, an Chúirt Chruitireachta, i dTearmann Feichín i gContae Lú.

Bhunaigh Harbison roinnt ionad do theagasc cruite sna 1980idí freisin, agus bhunaigh sí an Belfast Harp Orchestra i 1992, a chomhoibrigh leis The Chieftains ar *The Celtic Harp: A Tribute to Edward Bunting*, a bhuaigh gradam Grammy.

1. Lawlor, Helen, Irish Harping, 1900–2010 (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2012) lch. 91

## Dhá chéad bliain níos deireanaí

Rinneadh comóradh ar dhá chéad bliain ó Fhéile na gCruitirí i mBéal Feirste sa bhliain 1792 le Féile Cruitireachta an Domhain i mBéal Feirste a d'eagraigh Harbison, chomh maith le foilsiú *The Harp of Ireland: The Belfast Harpers' Festival, 1792 and the saving of Ireland's harp music by Edward Bunting le Gráinne Yeats*.

I 1994, d'eisigh Yeats taifead freisin de cheol fhéile na gcruitirí i 1792 a seinneadh ar chruit le sreanga miotail.

D'ardaigh Laoise Kelly as Maigh Eo, ar saineolaí í ar ceol damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh, iomrá na huirlise nuair a bhí sí ar shraith ITV *River of Sound* (1995), agus in 2001, ba í Máire Ní Chathasaigh an chéad chruitire ar ar bronnadh Gradam Ceoil TG4, an gradam is clúití do cheol traidisiúnta. Bronnadh Ceoltóir Óg na Bliana in 2006 ar an gcruitire Michelle Mulcahy, an chéad chruitire ar bronnadh an gradam sin uirthi.

## Borradh

Bhunaigh an cruitire agus an saineolaí ar cheol luath Siobhán Armstrong Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann in 2003, bhunaigh Janet Harbison an Irish Harp Center i gCaisleán Uí Chonaill i gContae Luimnigh in 2002, agus in 2008, an 35ú bliain de Scoil Samhraidh Willie Clancy, atá ar cheann de na féilte ceoil thraidisiúnta is mó, cuireadh tús le ceachtanna cruite sa scoile den chéad uair riamh.

In 2010, bhí Nicholas Carolan, Stiúrthóir Thaisce Cheol Dúchais Éireann, in ann an méid seo a leanas a scríobh:

> 'Is léir d'éinne a d'fhreasail ar chruinnithe de chruitirí na hÉireann le blianta beaga anuas go bhfuil borradh taghta ar shaol na cruite…'[2]

I gcomhthéacs an mhéid a dtugtar breac-chuntas air thuas, ba é cruinniú na gcruitirí sa Chomhairle Ealaíon i mí Dheireadh Fómhair 2013 an chéim stairiúil ba dheireanaí i dturas éachtach na huirlise.

2. Carolan, Nicholas, 'Foreword' in *Rogha na gCruitirí – Harpers' Choice: 100 traditional tunes for the Irish harp* (Baile Átha Cliath: Cairde na Cruite, 2010), lch v.



Mary Bergin, Antoinette McKenna agus Joe McKenna ag Halla na Saoirse don cheolchoirm 'Ace and Deuce of Piping' 2011. Grianghraf le Johnny Savage

## Leabharliosta

Heymann, Ann; Yeats, Gráinne; Ní Chathasaigh, Máire; Boydell, Barra; Lanier, Sara; Vallely, Fintan; iontráil ar 'Harp' in Vallely, Fintan (ed.), *Companion to Irish Traditional Music*, 2nd edn (Cork University Press, 2011)

Lawlor, Helen, *Irish Harping, 1900–2010* (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2010)

Lawlor, Helen; Moloney, Colette; Boydell, Barra; iontráil ar 'Harp, Irish' in White, Harry and Boydell, Brian (eag), *The Encyclopaedia of Music in Ireland* (Baile Átha Cliath: UCD Press, 2013)

McCrann, Aibhlín, 'The Irish Harp: Centre Stage' in *JMI*: *The Journal of Music in Ireland*, Eag. 6, Uimh. 1, lgh 20–26.

O'Sullivan, Donal, *Carolan – The Life, Times and Music of an Irish Harper* (Corcaigh: Ossian 2001)

*Rogha na gCruitirí – Harpers' Choice: 100 traditional tunes for the Irish harp* (Baile Átha Cliath: Cairde na Cruite, 2010)

Táim buíoch de Shiobhán Armstrong, Simon Chadwick, Janet Harbison, Máire Ní Chathasaigh, Áine Ní Dhubhghaill, Mary Louise O'Donnell agus Michael Rooney as a n-eolas breise.



*Harps on the Liffey* – seoladh love: live music 2010.
Grianghraf le Maxwell Photography

# 3. SAOL COMHAIMSEARTHA NA CRUITIREACHTA IN ÉIRINN: TORTHAÍ ÓN SUIRBHÉ DO CHRUITIRÍ

## Réamhrá

Ba é cuspóir an tSuirbhé ar Chruitirí léargas a fháil ar chleachtas comhaimseartha na cruite Gaelaí, agus feidhmiú mar bhonn do thaighde breise, a rinneadh ina dhiaidh sin in agallaimh agus mar thaighde deisce.

Tugtar torthaí díreacha an tsuirbhé sa chuid seo.

Tá os cionn 50 barrachairt ann, roinnt díobh atá an-soiléir astu féin, ach roinnt eile a bhfuil tráchtaireacht ghairid ag gabháil leo.

## 3.1 Líon na gcruitirí

Is cosúil go bhfuil an chruit ag an leibhéal is airde in Éirinn ó thosaigh traidisiún na cruitireachta Gaelaí luaithe ag dul i léig dhá chéad bliain ó shin.


D'fhreastail deichniúr cruitirí fir Éireannacha (agus cruitire amháin as an mBreatain Bheag) ar Fhéile na gCruitirí i mBéal Feirste i mí Iúil 1792. Níorbh é sin an líon iomlán cruitirí in Éirinn, ach bhí an cleachtas ag dul i léig. Tagraíodh don líon beag cruitirí gníomhacha sa 19ú agus arís san 20ú haois.

I samhradh 2014, d'fhreagair 397 cruitire suirbhé ar líne a rinneadh don taighde seo agus ainmníodh 280 cruitire eile (iarradh go sonrach ar fhreagróirí cruitirí eile ina gceantar a ainmniú), a thugann líon 677 cruitire.

Mheas múinteoirí cruite agus cruitirí oilte faoi agallamh go bhfuil líon iomlán na bhfoghlaimeoirí agus na gcruitirí comhaimseartha suas go trí hoiread chomh mór leis sin (thart ar 1,500–2,000).


## 3.2 Suíomh

Ba as Éirinn 90% de na freagróirí, ó thuaidh agus ó dheas, agus bhí 10% lonnaithe lasmuigh d'Éirinn (Cairt 1).




Cairt 1: **(Sampla: 397)**

Suíomh an 359 cruitire lonnaithe in Éirinn de réir contae atá i gCairt 2.




Cairt 2: **(Sampla: 359)**

Tá tionchar ag daonra ard (e.g. Baile Átha Cliath) ar shuíomh na gcruitirí in Éirinn, agus ag teagasc a bheith ar fáil, nó imeacht áitiúil a dhíríonn ar an gcruit, a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar nasc stairiúil leis an gcruit.

Mar shampla, ba as an Mhí do 6% de na freagróirí (áit ar rugadh Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin) agus ina bhfuil féile thiomnaithe chruitireachta in onóir Uí Chearbhalláin le 27 mbliana anuas, agus ba as Lú do 5%, áit a bhfuil an Chúirt Chruitireachta ar siúl le 29 mbliana.

Bhí ionadaíocht mhaith ann freisin as Gaillimh (5%) agus as Aontroim (5%), a léiríonn an daonra agus an teagasc a bheith ar fáil. Tá roinnt tionscnaimh teagaisc cruitireachta ar bun i mBéal Feirste ó na 1980idí i leith, agus tá nasc láidir stairiúil aige leis an gcruit.

Tá Corcaigh (9%) le brath go láidir, cé go bhfuil daonra níos lú ann ná in Aontroim, agus d'ainneoin gur tarraingíodh aird uirthi, le linn agallamh, mar cheantar ina bhfuil easpa teagaisc. Ach d'fhéadfadh go mbaineann sé sin go sonrach le hiarthar Chorcaí – d'fhéadfaí líne a tharraingt ó Chill Orglan i gContae Chiarraí go Cathair Chorcaí agus, seachas roinnt teagasc príobháideach i gCionn tSáile, is beag teagasc cruitireachta atá ó dheas den líne sin.

Ní raibh Laois le brath go láidir, cé go bhfuil a fhios againn go bhfuil 60 páiste ag foghlaim na cruite ansin faoi chúram Ghlúin an Cheoil. Taistealaíonn roinnt de na scoláirí sin ó na contaetha máguaird.

D'fhéadfadh an líon i Sligeach (2%) agus i Luimneach (3%) a bheith neamhionadaíoch freisin. Tá grúpa láidir cruite ag Comhaltas i Sligeach agus tháinig cúigear as an 24 buaiteoir cruite ag Fleadh Cheoil na hÉireann as in 2014. Is i Luimneach atá an Irish Harp Centre freisin, atá ag múineadh i gCaisleán Uí Chonaill ó 2002 i leith.


Tá ciall leis an líon ard do Dhoire (5%) i bhfianaise dhá scoil a bheith ann, Foyle Irish Harp School agus Hampsey Harp School, chomh maith le teagasc cruite a bheith ar fáil sa Causeway School of Music.

## 3.3 Inscne

Cé gurb chleachtas agus shlí bheatha d'fhir a bhí sa chruitireacht go traidisiúnta (roimh 1800), mná iad formhór na gcruitirí sa lá atá inniu ann. Léirítear miondealú ar inscne na bhfreagróirí i gCairt 3.

Saincheist nár pléadh sa suirbhé ar chor ar bith, ach a tarraingíodh anuas sna hagallaimh, é an tionchar a d'fhéadfadh an chothromaíocht inscne a imirt ar iomrá na cruitireachta Gaelaí comhaimseartha.

Tugadh le fios, mar gheall ar dhualgais clainne, nach raibh an deis chéanna ag mná gairm a fhorbairt mar cheoltóirí, agus go raibh tionchar dá réir aige sin ar iomrá íseal na cruitireachta comhaimseartha.




Cairt 3: **(Sampla: 393)**


## 3.4 Cruiteanna

Seinntear trí phríomhchruit in Éirinn – an chruit luamháin Ghaelach, an chruit Ghaelach luath, agus an chláirseach cheolchoirme.

Is í an chruit luamháin Ghaelach an chruit is mó a sheinntear (85%), leis an gcláirseach cheolchoirme (21%) ansin agus ar deireadh an chruit Ghaelach luath (16%). Seinneann 22% níos mó ná cruit amháin.


Áirítear leis na cruiteanna a ndearnadh cur síos orthu mar 'Eile' cruit na hAthbheochana, an chruit Pharaguach, an chruit Bhreatnach, an chruit Ghotach agus an chruit Bharócach.

Tugtar líon iomlán na gcruitirí in aghaidh na huirlise i gCairt 4.





Cairt 4: **(Sampla: 378)**

Tugtar mionsonraí faoin gcruit shonrach/faoi na cruiteanna sonracha a sheinneann freagróir i gCairt 5 agus i gCairt 6.




Cairt 5: **(Sampla: 378)**




Cairt 6: **(Sampla: 378)**

## An chruit luamháin

D'eascair an chruit luamháin Ghaelach nua-aimseartha as an uirlis a forbraíodh ag tús an 19ú haois a chuimsigh cuma na cruite Gaelaí luaithe agus dul chun cinn teicniúil ón gcruit cheolchoirme nua-aimseartha.

Cé gur coinníodh cuma ghinearálta na cruite, rinneadh dul chun cinn suntasach teicniúil uirthi le dhá chéad bliain anuas a chuireann ar chumas cruitire sa lá atá inniu ann ceol damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh a sheinm le luas agus le deaslámhacht, lena n-áirítear ní amháin maisiú traidisiúnta a bhíonn coitianta ar uirlisí eile, ach a chuimsíonn tionlacain chasta ar an láimh chlé a d'fhéadfadh armóin, cuntraphointe, sioncóipiú chomh maith leis an stíl thraidisiúnta réthionlacain a chuimsiú.

Seinntear an chruit luamháin Ghaelach leis an láimh dheas os cionn na láimhe clé – seinneann an lámh dheas an tséis de ghnáth agus seinneann an lámh chlé tionlacan. Seinntear í le barr na méar (nó le meall na méar) de ghnáth, ach tá roinnt cruitirí a sheinneann freisin leis an hingne, nó leis na hingne i gcónaí.

Úsáidtear na 'luamháin' a bhíonn ar bharr gach sreinge chun nóta a ghéarú nó a mhaolú, a chuireann ar chumas an cheoltóra seinm i réimse gléasanna. Tá 34–36 sreang ar an gcruit luamháin Ghaelach, cé go bhféadfadh níos lú sreang a bheith ar uirlisí do thosaitheoirí.

## An tSeanchláirseach

Seinntear an chruit Ghaelach luath leis an láimh chlé os cionn na láimhe deise, agus leis na hingne den chuid is mó. Teicníc thraidisiúnta é sin a bhí i bhfeidhm idir thart ar 1000 agus 1800. Sreanga miotail a bhíonn uirthi, a thugann fuaim dhifriúil ón gcruit luamháin Ghaelach di, agus ní bhíonn aon luamháin uirthi. Athshonann na sreanga miotail níos faide ná na sreanga níolóin, agus dá bhrí sin bíonn tábhacht faoi leith ag baint leis an teicníc mhaolaithe (cé gur gné de gach saghas cruitireachta an maolú). De ghnáth, baineann an stór ceoil leis na cumadóirí don chruit Ghaelach luath mar a bhailigh Bunting, agus le ceol ón tréimhse roimh 1800, cé go bhfuil roinnt cruitirí ann a sheinneann ceol damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh níos nua-aimseartha freisin. Bíonn 29–30 sreang ar chruit Ghaelach luath.

## Cláirseach cheolchoirme nó throitheánach

Baineann an chláirseach cheolchoirme le ceol clasaiceach an Iarthair, agus is uirlis aonair agus uirlis cheolfhoirne í. Bíonn réimse sé ochtach go leith aici agus 47 sreang.


Tugtar an chláirseach throitheánach uirthi mar gur féidir an gléas a athrú le troitheáin choise (seachas le luamháin mar a bhíonn ar an gcruit luamháin Ghaelach).

Seinntear an chláirseach cheolchoirme le barr na méar agus tá scoileanna difriúla teicníce ag baint léi. Mar shampla, múintear teicníc 'Renie' do gach scoláire cláirsí i gclár teagaisc ceoil Southern Education Library Board i dTuaisceart Éireann.


Ní sheinneann ach 3% an chláirseach cheolchoirme amháin. Seinneann 14% de na freagróirí an chláirseach cheolchoirme agus an chruit luamháin Ghaelach.

## 3.5 An cineál ceoil a sheinntear

Láidreacht ar leith í seinm fonn mall traidisiúnta (fonn amhráin agus fonn uirlise) ar an gcruit agus léirítear sin sa rogha stóir i gCairt 7 agus i gCairt 8.




Cairt 7: **(Sampla: 393)**




Cairt 8: **(Sampla: 393)**

Tá luí ar leith ag ceol damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh (ríleanna, poirt, cornphíopa, polcaí, sleamhnáin, etc.) leis an gcruit luamháin Ghaelach, agus de bharr an éilimh a bhíonn ar an uirlis sin, is é an stór ceoil seo an dara ceann is mó éileamh.


Tá tábhacht stór na gcruitirí Gaelacha luath do chruitirí comhaimseartha le feiceáil freisin sna cairteacha, mar aon le suntasacht an stóir ceoil chlasaicigh.

Cuireadh roinnt imní in iúl in agallaimh go raibh laghdú ag teacht ar chruitirí ag canadh lena dtionlacan féin. Go stairiúil (roimh 1800 agus suas go lár an 20ú haois), ba ghné shuntasach de thaibhiú cruite é sin.


Ag an gceadal cruitireachta ag Scoil Samhraidh Willie Clancy 2014, ina raibh 11 chruitire páirteach, chan beirt lena dtionlacan féin. Tá tionlacan d'amhrán ag 38% i gCairt 7, cé nach gá gurb é an ceoltóir féin a bheadh ag canadh sa chás sin.

## Speisialtóireacht

Iarradh ar fhreagróirí freisin an cineál stóir a bhfuil speisialtóireacht acu ann a chur in iúl. Chuir 60% in iúl go bhfuil speisialtóireacht acu (Cairt 9), agus chuir 40% in iúl go seinneann siad meascán ceoil den chuid is mó (Cairt 10).




Cairt 9: **(Sampla: 289)**




Cairt 10: **(Sampla: 289)**


## 3.6 Gairm

Tugtar mionsonraí faoi ghairm na bhfreagróirí i gCairt 11. Tá 36% in oideachas lánaimseartha, idir an bhunscoil agus an tríú leibhéal.

Áiríodh leis na gairmeacha réimse leathan ról san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, ach is suntasach go bhfuil 21% de na cruitirí fostaithe san earnáil oideachais (ón mbunoideachas go dtí an tríú leibhéal) toisc go bhféadfadh deis a bheith ag cruitirí tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí ceoil i scoil nó in institiúid nó feidhmiú mar bhonn eolais dóibh.

Cé go ndearna 18% cur síos orthu féin mar cheoltóirí, chuir triúr in iúl gur déantóirí cruite lánaimseartha iad. Pléifear an déanamh cruite níos faide anonn sa tuarascáil.

Chuir beirt fhreagróirí in iúl go bhfuil siad dífhostaithe.





Cairt 11: **(Sampla: 397)**

## 3.7 Cúlra Ceoil


Tá an fás ar an éileamh ar an gcruit le feiceáil i gCairt 12 – tá 49% ag seinm le deich mbliana nó níos lú.

Tá 24% ag seinm idir 11-20 bliain agus tá 24% ag seinm ar feadh níos mó ná 21 bhliain.





Cairt 12: **(Sampla: 304)**

Léirítear an tábhacht a bhaineann le teagasc foirmiúil sa chruitireacht i gCairt 13, agus 74% tar éis foghlaim trí theagasc rialta le múinteoir.





Cairt 13: **(Sampla: 304)**

Léirítear ildánacht ollmhór na gcruitirí i gCairt 14, agus 86% ag tabhairt le fios go seinneann siad uirlis eile nó go gcanann siad.




Cairt 14: **(Sampla: 304)**

D'fhéadfadh an ildánacht sin ar uirlis eile na dúshláin ar tarraingíodh aird orthu a thabhairt le fios, maidir le deiseanna seinnte, mar shampla, an deacracht a bhaineann leis an uirlis a thabhairt ó áit go háit; an deacracht a bhaineann le páirt a ghlacadh i seisiúin cheoil thraidisiúnta mar gheall ar chomh ciúin is a bhíonn an uirlis; agus an easpa deiseanna taibhithe mar gheall ar iomrá íseal na cruitireachta comhaimseartha.





Cairt 15: **(Sampla: 289)**

Cuid thábhacht d'oideachas cruitirí iad scrúduithe na ngrád, agus tá os cionn 60% tar éis tabhairt faoi scrúduithe (Cairt 15).


## Speisialtóireacht

Bíonn ról tábhachtach ag féilte agus ag scoileanna samhraidh in oideachas an chruitire Ghaelaigh freisin (Cairt 16).




Cairt 16: **(Sampla: 239)**

Bíonn ról tábhacht ag comórtais i bhforbairt cheolmhar cruitire freisin.





Cairt 17: **(Sampla: 285)**

Bhíodh ról tábhachtach ag an bhféile chruitireachta i nGránard i gContae an Longfoirt (5%), ach cuireadh deireadh léi in 2011. Tá ceithre chruit ag iarchoiste na féile fós. De bharr an chúlra stairiúil uathúil a bhí ag comórtas cruitireachta Ghránaird (b'iarracht féile Ghránaird chun traidisiún na luathchruitireachta a athnuachan sna 1780idí), d'fhéadfadh athbhunú an imeachta seo tionchar tábhachtach a imirt ar an gcruit sa chontae sin.

Bíonn trí chomórtas uirlise ag Oireachtas na Gaeilge, an fhéile bhliantúil Ghaeilge – don phíb uilleann, don fhidil agus don chruit – ach bhí an líon daoine a chuir isteach ar an gcomórtas cruite an-íseal le blianta beaga anuas. Is beag duine a chuir isteach ar Fheis Shligigh, a reáchtálann Corn Bunting do chruitirí, chomh maith. Tá sé tábhachtach go gcomhoibreodh eagraíochtaí cruitireachta le hOireachtas na Gaeilge agus le Feis Shligigh chun a chinntiú go méadaíonn an líon daoine a chuireann isteach ar na comórtais agus go mbeadh na comórtais sin ina bpáirt de na féilte i gcónaí.

Freastalaíonn 60% de na cruitirí ar imeachtaí cruitireachta agus ceoil eile chun tacú lena gcleachtas (Cairt 18).





Cairt 18: **(Sampla: 269)**

## 3.8 Seinm

### Seisiúin cheoil thraidisiúnta Ghaelaigh

In ainneoin gur léirigh 85% de na freagróirí go seinneann siad an chruit luamhán, uirlis a oireann do cheol damhsa thraidisiúnta na hÉireann, níor léirigh ach 39% díobh go seinneann siad go rialta i Seisiúin cheoil thraidisiúnta. Is féidir é sin a fheiceáil i gCairt 19.




Cairt 19: **(Sampla: 355)**

Tá sé léirithe ag cruitirí in agallaimh agus i dtuairimí go bhfuil an chruit ina cuid níos mó de cheol traidisiúnta na hÉireann ná mar a bhí san am atá thart. Ar an ábhar sin, bíonn an chruit níos coitianta ag seisiúin. Mar sin féin, uaireanta roghnaíonn cruitirí uirlis eile a chasadh ag seisiún ceoil thraidisiúnta toisc gur fusa an uirlis eile sin a iompar nó toisc nach mbíonn an chruit chomh hard céanna le huirlisí eile agus an fonn á sheinm.

### Ceolchoirmeacha, bainiseacha agus imeachtaí eile

Léirítear i gCairt 20 agus 21 gur minice a bhíonn cruitirí ag seinm ag bainiseacha, ag searmanais agus ag imeachtaí corparáideacha ná mar a bhíonn siad ag seinm ag ceolchoirmeacha.

Dá bhrí sin, is dóichí go gcloisfeadh an pobal níos leithne cruitire ag na hócáidí sin seachas ag ceolchoirm.


Faoi mar a bheidh le feiceáil i rannán na Moltaí den tuarascáil seo, aithníonn cruitirí go bhfuil an iomrá íseal do chleachtas na cruite ina fadhb shuntasach, agus d'fhéadfadh easpa deiseanna do sheinm phoiblí lasmuigh de bhainiseacha agus d'imeachtaí corparáideacha cur leis an bhfadhb sin.

Léirítear a iomadúla atá an tseinm ag bainiseacha, ag searmanais agus ag imeachtaí corparáideacha i gCairt 22, ina sonraítear na príomhfhoinsí ioncaim.







Chris Stout, Séamus Ó Beaglaoich agus Catriona McKay
ar an gCruit, The Sugar Club, Baile Átha Cliath 2014.
Grianghraf le Emily O'Callaghan .




Cairt 20: **(Sampla: 355)**





Cairt 21: **(Sampla: 355)**




Cairt 22: **(Sampla: 342)**

## Seinm i ngrúpa

Bíonn cruitirí ag seinm mar chuid d'éagsúlacht mhór grúpaí agus ensembles, idir grúpaí gairmiúla, tríréid, dísréid, grúpaí agus ceolfhoirne ar camchuairt, agus grúpaí pobail (Cairt 23).




Cairt 23: **(Sampla: 355)**

## Ensembles cruite

Gné shainiúil de dhomhan na cruite is ea ensembles agus grúpaí nach bhfuil iontu ach cruiteanna, mar shampla Ceolfhoireann Cruiteanna na hÉireann, Ensemble Cruiteanna na Mí, Ensemble Cruiteanna Uladh Theas, Ensemble Cruiteanna Thrácht Fhionn, Ensemble Cruiteanna Cairde Ceoil, Ensemble Cruiteanna Music Generation agus Ensemble Cruiteanna Choláiste na Coille Móire.

Sheinn Ensemble Cruiteanna na Mí saothar nuachumtha leis an gcumadóir Éireannach, Vincent Kennedy, *The Chronicles of Meath*, le déanaí ag an gComhdháil Cruite Dhomhanda in Sydney na hAstráile. Ba í Comhairle Chontae na Mí a choimisiúnaigh an saothar agus ba í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a thug maoiniú dó faoin scéim Céatadán ar son na nEalaíon. Cumadh an píosa do thrí chláirseach agus do chruit cheolchoirme amháin (ach is iondúil a sheinneann ensemble ochtair é le seacht gcláirseach agus le cruit cheolchoirme amháin).

I measc na ngrúpaí agus na ensembles eile a luaitear sa suirbhé, áirítear grúpaí ceoil i scoileanna; grúpaí séipéil; dísréid, tríréid agus grúpaí a chuirtear le chéile go sonrach iad do chomórtais sa Fhleadh Cheoil; ensemble ceoil thraidisiúnta Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann; Grúpa Ceoil Aer Lingus; grúpa ceoil Galway Early Music Society; grúpaí gairmiúla ar camchuairt; agus, i gcomhthéacs na cruite ceolchoirme, ceolfhoirne amhail Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Ceolfhoireann Choirme RTÉ, Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann agus Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann.



Enda Bates, Clíona Doris agus Linda Buckley, Oíche Chultúir 2011 in Ionad an Cheoil Chomhaimseartha, Baile Átha Cliath. Grianghraf le Jonathan Grimes


## Shannon Heritage

Bíonn suas le 11 chruitire Gaelach á bhfostú go séasúrach ag Shannon Heritage le seinm – ina n-aonar agus mar ensemble – ag na fleánna gach oíche ag Caisleán Bhun Raite (Bun Raite, Co. an Chláir), Caisleán Dhún Guaire (Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe) agus Caisleán na Cnapóige (Cuinche, Co. an Chláir).


Bíonn na seónna sin ar siúl faoi dhó gach oíche ag Bun Raite (idir Feabhra agus Nollaig) agus ag Dún Guaire (idir Aibreán agus Deireadh Fómhair) agus uair amháin gach oíche ag Caisleán na Cnapóige (idir Aibreán agus Deireadh Fómhair), agus bíonn siad dírithe ar chuairteoirí ó thar lear. Áirítear leis na seónna amhráin thraidisiúnta, seinm uirlisí agus píosaí ar an stáitse i gculaithirt seanré. Fostóir mór cruitirí is ea Shannon Heritage ó na 1960idí i leith. D'fhreastail breis agus 93,000 cuairteoir ar fhleánna dá chuid in 2013.

## Ag Seinm ar Bhonn Gairmiúil


Tugtar léargas breise ar sheónna cruite i gCairteacha 24-26.
Ealaíontóirí neamhspleácha is mó atá ann, mar aon le líon réasúnta beag (7%) gníomhairí, bainisteoirí agus poiblitheoirí. (Cairt 24).
Bíonn 13% de na cruitirí ag seinm lasmuigh d'Éirinn go rialta (gach mí nó gach cúpla mí). (Cairt 25).
Sheinn líon comhchosúil cruitirí (13%) ag ionaid éagsúla in Éirinn mar chuid de shraith ceolchoirmeacha nó de thuras, ina n-aonar nó mar chuid de ghrúpa. (Cairt 26).




Cairt 24: **(Sampla: 339)**




Cairt 25: **(Sampla: 354)**





Cairt 26: **(Sampla: 331)**

## 3.9 Cumadóireacht agus Cóiriú


Gné shuntasach stairiúil de chleachtas na cruitireachta Gaelaí is ea an chumadóireacht agus an cóiriú.

D'iarrtaí go minic ar luathchruitirí Gaelacha in Éirinn píosaí a chumadh in onóir pátrúin.

Is gné shuntasach í an chumadóireacht agus an cóiriú de chleachtas na cruite i gcónaí sa lá atá inniu ann, ach ar chuspóirí eile (Cairteacha 27 agus 28).





Cairt 27: **(Sampla: 338)**





Cairt 28: **(Sampla: 325)**

Seinneann cruitirí idir shéiseanna agus tionlacan i gceol agus i bhfoinn damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh agus i gceol na luathchruitirí Gaelacha. Ar an ábhar sin, bíonn orthu gach a seinneann siad a chóiriú, dáiríre. Gné shuntasach de chleachtas na cruite is ea cóirithe ceol cruite an cheoltóra féin a fhoilsiú freisin. I gCairt 29, léirítear an líon cóirithe atá déanta ag cruitirí, idir chóirithe foilsithe agus chóirithe neamhfhoilsithe.





Cairt 29: **(Sampla: 331)**

Ní hamháin go gcóiríonn cruitirí píosaí lena seinm ach chun an chruit a theagasc freisin, mar atá le feiceáil i gCairt 30.





Cairt 30: **(Sampla: 325)**

Bíonn 28% de chruitirí ag cóiriú ceoil d'uirlisí éagsúla eile freisin (Cairt 31).





Cairt 31: **(Sampla: 315)**

Cé gur léirigh 34% de na cruitirí go mbíonn siad ag cumadh ceoil, is fíorbheag líon na gcoimisiún (4%) atá faighte ag cruitirí an lae inniu do shaothair nua (Cairt 32).




Cairt 32: **(Sampla: 308)**


Tá an cineál eagraíochtaí nó grúpaí a bhfuil saothar coimisiúnaithe ó chruitirí acu le feiceáil i gCairt 33.




Cairt 33: **(Sampla: 12)**


## 3.10 Múinteoireacht

Bíonn 39% de na cruitirí ag gabháil do mhúinteoireacht na cruite ar bhealach éigin (Cairt 34).





Cairt 34: **(Sampla: 323)**

Léirigh 31% go bhfuil cáilíocht acu sa mhúinteoireacht nó san oideachas, nó go bhfuil siad ag staidéar chun cáilíocht a bhaint amach i láthair na huaire (Cairt 35).




Cairt 35: **(Sampla: 279)**

Bíonn cruitirí Gaelacha ag teagasc thar lear freisin (Cairt 36), i SAM go mór.




Cairt 36: **(Sampla: 310)**

## 3.11 Teagasc

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil sa suirbhé agus ar thaighde breise, cuireadh le chéile an liosta seo a leanas de theagasc ar an gcruit atá ar fáil in Éirinn. Ní chuimsítear teagasc príobháideach leis an liosta seo.

Is i mBaile Átha Cliath atá formhór an teagaisc ar fáil. Tráth a scríobhadh seo, bhí 43 dalta cláraithe ag gabháil don chruit in Ardscoil Cheoil Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (32 dalta sóisearach atá níos óige ná 18 mbliana d'aois: 28 ar an gcláirseach/ceathrar ar an gcruit cheolchoirme; ceathrar daltaí in Oideachas Leantach: duine amháin ar an gcláirseach/triúr ar an gcruit cheolchoirme; cúigear mac léinn fochéime: duine amháin ar an gcláirseach/ceathrar ar an gcruit cheolchoirme; agus beirt iarchéimithe: duine amháin ar an gcláirseach/duine amháin ar an gcruit cheolchoirme), agus bhí 27 dalta ag gabháil don chruit in Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (bhí triúr acu ag gabháil don chruit cheolchoirme). Chuaigh trí mhac léinn déag le haghaidh éisteachta ag Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann do thrí áit. Sheinn gach duine acu an chruit luamhán.

Is leis an gcruit luamhán a bhaineann an teagasc i dTábla 1. Nuair is eol go mbaineann an teagasc leis an tseanchláirseach nó leis an gcruit cheolchoirme, sonraítear é sin.

**Tábla 1**

| Contae | Teagasc cruite ar fáil |
|---|---|
| **Aontroim** | Andersonstown Traditional & Contemporary Music School, 8-30 Sraid na Beairice,, Béal Feirste BT12 4AH<br>Belfast Trad: Traditional Music and Dance Society, Crescent Arts Centre, Bóthar na hOllscoile, Béal Feirste<br>Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, 216 Bóthar na bhFál, Béal Feirste BT12 6AH<br>Glengormley School of Traditional Music, Edmund Rice College, 96-100 Hightown Road, Gleann Ghormlaithe BT36 7AU |
| **Ard Mhacha** | Armagh Pipers Club, 12–14 Victoria Street, Ard Mhacha BT61 9DT<br>Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann – Clár Teagaisc Náisiúnta: Ard Mhacha. Cuireadh tús leis an gclár i nDeireadh Fómhair 2014 (seanchláirseach)<br>Southern Education and Library Board – Portadown Music Centre, Bann House, Sráid an Droichid, Port an Dúnáin BT63 5AE<br>Southern Education and Library Board (teagasc bunaithe sa scoil)<br>– Portadown College, Killicomaine Road, Port an Dúnáin BT63 5BU<br>– St John the Baptist Primary School, 250 Garvaghy Rd, Portadown, Craigavon BT62 1EB |
| **Ceatharlach** | Carlow College of Music, 1 Larkfield, Ceatharlach |
| **An Cabhán** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Béal Tairbirt, Co. Cavan |
| **An Clár** | Bríd O'Donohue School of Music, Sráid na Cathrach, Co. an Chláir<br>Irish Traditional Music Institute, Cora Chaitlín, Co. an Chláir |

| | |
|---|---|
| **Corcaigh** | Ceol-Scoil Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Cé na hAontachta, Cathair Chorcaí (cruit luamhán agus cruit cheolchoirme)<br>Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Dúglas, Cathair Chorcaí<br>County Cork School of Music, Yeats House, Barrack Square, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí<br>Lee Valley School of Music, Maigh Chromtha (teagasc ar an gcruit cheolchoirme ar fáil freisin; níl aon dalta ar an gcruit cheolchoirme ann faoi láthair) |
| **Doire** | Causeway School of Music, Mill House, 24 Railway Rd, Cúil Raithin, Doire BT52 1PE<br>Foyle Irish Harp School, Doire<br>Hampsey Harp School and Hampsey School of Traditional Music, Garvagh Community Building, 85 Main Street, Garbhachadh BT51 5AB |
| **Dún na nGall** | Ceolan School of Music, Bun an Phobail, Inis Eoghain |
| **An Dún** | Carroll School of Harp, an tIúr<br>Southern Education and Library Board – Newry Centre (cruit luamhán agus cruit cheolchoirme)<br>Southern Education and Library Board (teagasc bunaithe sa scoil)<br>– Our Lady's Grammar School, an tIúr<br>– Sacred Heart Grammar School, an tIúr<br>– St Joseph's Convent Primary School, an tIúr<br>– St Dallan's Primary School, an Pointe |
| **Baile Átha Cliath** | Churchtown School of Music, The Village Centre, An tSráid Mhór, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14<br>Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Ceoltóirí Chluain Tarbh, Coláiste Marino, Fairview Mart, Baile Átha Cliath 3<br>Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Craobh Naithí, Pobalscoil Naomh Colmcille, Cnoc Lín, Bóthar Bhaile Scallart, Baile Baodáin<br>Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Craobh Phiarais Uí Ghréagáin, 32 Cearnóg Belgrave, Baile na Manach<br>Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Craobh Seán Treacy, Scoil na mBráithre Críostaí, Ard Aidhin, Baile Átha Cliath 5<br>Ardscoil an Cheoil agus na Drámaíochta Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 163 Bóthar Ráth Maonais Íochtarach, Baile Átha Cliath 6 (cruit luamhán agus cruit cheolchoirme)<br>Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann – Clár Teagaisc Náisiúnta: Na Píobairí Uilleann, Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1 (seanchláirseach)<br>Kingston Academy of Music, 21 Sráid an Chaisleáin, Deilginis<br>Kylemore College Music Centre (Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath), Bóthar na Coille Móire, Baile Átha Cliath 10 (cruit luamhán agus cruit cheolchoirme)<br>Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann, 36–38 Rae an Iarthair, Baile Átha Cliath 2 (cruit cheolchoirme agus cruit luamhán)<br>Walton's, 69 Sráid Sheoirse Mhór Theas, Baile Átha Cliath 2 |
| **Fear Manach** | *teagasc príobháideach* |
| **Gaillimh** | Athenry Music School, Bóthar an Stáisiúin, Baile Átha an Rí<br>Blossom Harp School, Béal Átha na Sluaighe<br>Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann – Clár Teagaisc Náisiúnta: Scoil an Léinn Éireannaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |


| | |
|---|---|
| **Ciarraí** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Craobh an Aghasaigh, Daingean Uí Chúis<br>Kerry School of Music and Performing Arts, An tSráid Mhór, Trá Lí<br>Kerry School of Music and Performing Arts: Ionad Chill Airne<br>Kerry School of Music and Performing Arts: Ionad Chill Orglan<br>Kerry School of Music and Performing Arts: Ionad Lios Tuathail<br>Killarney School of Music, Bóthar na Páirce, Cill Airne |
| **Cill Dara** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Craobh Kilteel–Eadestown |
| **Cill Chainnigh** | Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann – Clár Teagaisc Náisiúnta: Coláiste Chill Chainnigh |
| **Laois** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Portlaoise<br>Music Generation Laois |
| **Liatroim** | *Ní bhfuarthas sonraí ar bith ar theagasc in eagraíocht ná ar theagasc príobháideach* |
| **Luimneach** | Irish Harp Centre, Caisleán Uí Chonaill, Co. Luimnigh<br>Kerry School of Music and Performing Arts: Mainistir na Féile<br>Redemptorist Centre of Music, Luimneach |
| **An Longfort** | Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí |
| **Lú** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Comhaltas Craobh Dhún Dealgan, Oriel Centre, Bóthar Charraig Mhachaire Rois, Dún Dealgan<br>Music Generation Louth |
| **Maigh Eo** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Gort na mBó Branch, Béal an Átha |
| **An Mhí** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Comhaltas Tlachtga, Baile Átha Buí, Ráth Chairn<br>Comhaltas Ceoltóirí Éireann: O'Carolan Comhaltas, Cill Mhaighneann<br>Meath Harp Academy and Meath Harp Ensemble, An Obair |
| **Muineachán** | *teagasc príobháideach* |
| **Uibh Fhailí** | *Ní bhfuarthas sonraí ar bith ar theagasc in eagraíocht ná ar theagasc príobháideach* |
| **Ros Comáin** | *Ní bhfuarthas sonraí ar bith ar theagasc in eagraíocht ná ar theagasc príobháideach* |
| **Sligeach** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Craobh Fred Finn, An Machaire Buí, Sligeach<br>Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Craobh Paddy Killoran, An Baile Mór<br>Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Craobh Shligigh Theas, Tobar an Choire<br>Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Craobh Thír Fhiachrach, An Droim Mór Thiar<br>Music Generation Sligo (cruit cheolchoirme) |
| **Tiobraid Árann** | St Angela's Academy of Music, Meánscoil na nUrsalach, Durlas, (cruit cheolchoirme agus cruit luamhán; níl aon dalta ar an gcruit cheolchoirme ann faoi láthair) |
| **Tír Eoghain** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: An Ómaigh<br>Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Dún Uladh, Bóthar Dhroim na Coille, An Ómaigh BT79 0JP |
| **Port Láirge** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Craobh na gComarach, Cúil na Sméar, Dún Garbhán<br>Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann – Clár Teagaisc Náisiúnta: Port Láirge (teach príobháideach) |
| **An Iarmhí** | Mullingar Harp School of Music, An Muileann gCearr |
| **Loch Garman** | Ceoltóirí Munna, Teach Munna |
| **Cill Mhantáin** | Comhaltas Ceoltóirí Éireann: Bré<br>Wicklow Educate Together, Cill Mhantáin (teagasc bunaithe sa scoil) |

## Teagasc príobháideach agus eagraíochta


Tá teagasc príobháideach ar fáil i roinnt contaetha éagsúla. Sonraítear réimse iomlán an teagaisc phríobháidigh agus eagraíochta rialta ar Léarscáileanna 1-5 thíos.

- 🔴 Scoil cheoil/eagraíocht/institiúid/craobh de Chomhaltas
- 🟢 Teagasc príobháideach


**Léarscáil 1:Teagasc cruite: Éire**




## Léarscáil 2: Mionsonraí ar an teagasc cruite: An taobh ó thuaidh d’Éirinn





## Léarscáil 3:Mionsonraí ar an teagasc cruite: An taobh ó dheas d’Éirinn



## Léarscáil 4: Mionsonraí ar an teagasc cruite: Cathair Bhaile Átha Cliath




## Léarscáil 5:Mionsonraí ar an teagasc cruite: Cathair Bhéal Feirste



## Teagasc Cruite ag Scoileanna Samhraidh agus ag Féilte

Bhí teagasc sa chláirseach ar fáil i gceann is fiche de scoileanna samhraidh agus d'fhéilte in Éirinn in 2014.

**Tábla 2**


| | |
|---|---|
| **Ar feadh na bliana** | Irish Harp Centre, Caisleán Uí Chonaill. Co. Luimnigh (cúrsaí deireadh seachtaine, seachtaine, míosa, trí mhí agus scoil samhraidh) |
| **Eanáir** | *Gan faisnéis ar bith* |
| **Feabhra** | Féile Patrick Byrne, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin<br>Scoil Cheoil an Earraigh, Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí |
| **Márta** | *Gan faisnéis ar bith* |
| **Aibreán** | *Gan faisnéis ar bith* d'Éirinn (Féile Idirnáisiúnta Cruite Dhún Éideann ar siúl in Albain) |
| **Bealtaine** | Féile Chois Chuain, Cluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo |
| **Meitheamh** | Blas – Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta de Cheol agus d'Amhránaíocht Thraidisiúnta na hÉireann, Ollscoil Luimnigh<br>An Chúirt Chruitireachta – Féile Idirnáisiúnta na Cláirsí, Tearmann Feichín, Co. Lú |
| **Iúil** | Traidphicnic, An Spidéal, Co. na Gaillimhe (bíonn teagasc ar fáil in uirlisí éagsúla gach bliain; bhí teagasc sa chruit ar fáil in 2014)<br>Scoil Samhraidh Willie Clancy, Sráid na Cathrach, Co. an Chláir<br>South Sligo Summer School, Tobar an Choire, Co. Shligigh<br>Joe Mooney Summer School, Droim Seanbhó, Co. Liatroma<br>Meitheal – Scoil Samhraidh Chónaithe an Cheoil Thraidisiúnta, Luimneach |
| **Lúnasa** | O'Carolan Harp Festival, Céideadh, Co. Ros Comáin<br>Scoil Éigse (suíomhanna éagsúla; Sligeach in 2014; bíonn sé ar siúl roimh Fhleadh Cheoil na hÉireann)<br>Scoil Acla, Acaill, Co. Mhaigh Eo<br>Brian Boru Millennium Harp Festival, Caisleán Uí Chonaill, Co. Luimnigh & Cathair Luimnigh (arna eagrú ag an Irish Harp Centre in 2014)<br>Scoil na gCláirseach, Cathair Chill Chainnigh (seanchláirseach)<br>Harp Weekend ag Bandon Walled Town Festival |
| **Meán Fómhair** | Tulla Trad Festival, An Tulach, Co. an Chláir<br>Muckross Harp Trail, Teach Mhucrois, Cill Airne, Co. Chiarraí |
| **Deireadh Fómhair** | O'Carolan Harp Festival, Féile Chultúrtha agus Oidhreachta, an Obair, Co. na Mí |
| **Samhain** | *Gan faisnéis ar bith* |
| **Nollaig** | Edward Bunting Festival, Ard Mhacha, Co. Ard Mhacha (ag atosú in 2014) |

### Institiúidí Tríú Leibhéal

Bíonn teagasc na cruite á thairiscint freisin, nuair is gá, in institiúidí i gcomhthéacs cúrsaí ceoil tríú leibhéal. Léirigh cruitirí ar chúrsaí tríú leibhéal sna hinstitiúidí seo a leanas go raibh teagasc á fháil acu ar an gcruit ón institiúid: Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann, Ardscoil an Cheoil agus na Drámaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ceol-Scoil Chorcaí, Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil Uladh, Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol, Ollscoil Luimnigh agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.


## 3.12 Foghlaim na cruite

I gcuid ar leith den suirbhé, díríodh ar dhaoine atá ag foghlaim na cruite faoi láthair. Léirigh 104 freagróir go bhfuil siad ag gabháil do cheachtanna (Cairt 37).




Cairt 37: **(Sampla: 104)**

Léirigh 63% go raibh siad 20 km nó níos lú ar shiúl ó cheachtanna, léirigh 37% go raibh siad 21 km nó níos mó ar shiúl ó cheachtanna (Cairt 38).





Cairt 38: **(Sampla: 104)**




Ann Heymann (USA) ag múineadh ranga le linn Scoil na gCláirseach 2013. Cill Chainnigh

Léirigh 63% díobh gur bhraith siad go raibh sé éasca nó réasúnta éasca múinteoir cruite a aimsiú, agus léirigh 37% go raibh deacracht acu (Cairt 39).





Cairt 39: **(Sampla: 104)**

Bíonn formhór na gceachtanna ar siúl uair sa tseachtain, ach ní bhíonn 36% de cheachtanna ar siúl chomh minic sin (Cairt 40).





Cairt 40: **(Sampla: 104)**

Is fearr le díreach os cionn leath de na daltaí (51%) foghlaim ó chluais (Cairt 41).




Cairt 41: **(Sampla: 104)**

Is fearr le formhór mór na ndaltaí (91%) ceachtanna aghaidh ar aghaidh (Cairt 42).




Cairt 42: **(Sampla: 104)**

## 3.13 Eagraíochtaí

Tá dhá chumann ag baint le saol na cruite in Éirinn: Cairde na Cruite agus Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann, mar aon le cuideachta amháin atá tiomnaithe don chruit, an Irish Harp Centre. Bíonn ról tábhachtach ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann ar shaol na cruite in Éirinn freisin trína chraobhacha agus trína chomórtais.

### Cairde na Cruite

Bunaíodh Cairde na Cruite i 1960. Eagraíocht dheonach sheanbhunaithe atá ann i bpobal na cruite in Éirinn. Eagraíonn siad féile bhliantúil, ceolchoirm san earrach agus sa gheimhreadh, clár foilsithe, scéim chun cruiteanna a fháil ar cíos, agus cuireann siad faisnéis ar fáil do chruitirí freisin.

Gné ríthábhachtach d'obair Chairde na Cruite is ea an Chúirt Chruitireachta, Féile Idirnáisiúnta na Cláirsí, an scoil samhraidh chónaitheach agus an tsraith ceolchoirmeacha a bhíonn ar siúl gach bliain thar thréimhse sé lá i dTearmann Feichín, Co. Lú. Tá an fhéile ar siúl le 29 mbliana anuas anois.

Cuimsítear sa Chúirt Cruitireachta seisiún teagaisc ar maidin, réimse cainteanna san iarnóin, ceardlanna (lena n-áirítear tionscnamh inar féidir leis an bpobal triail a bhaint as an gcruit), ceolchoirmeacha dírithe ar dhaoine óga, agus ceolchoirmeacha tráthnóna le ceoltóirí ó Éirinn agus thar lear. Ghlac 60 dalta agus 11 mhúinteoir páirt sa Chúirt in 2014. Freastalaíonn daltaí, tuismitheoirí agus an pobal ar na ceolchoirmeacha.

Tá clár saibhir a bhfuil go leor éagsúlachta leis ag baint leis na ceolchoirmeacha tráthnóna. Dírítear go príomha ar an gcruit luamhán ann, ach bhí an tseanchláirseach, an chruit cheolchoirme, ensemble cruiteanna, ceoltóirí ó Shasana, Albain agus ón nDanmhairg, ceoltóirí móréilimh agus traidisiúnta leis an gcruit, agus amhránaíocht thraidisiúnta ghrúpa páirteach sa chúirt in 2014 freisin.

Is iad an 11 mhúinteoir a dhéanann an tseachtain a riar. Is sa Ghrianán, teach mór tuaithe ar shuíomh galánta, a bhíonn an chúirt ar siúl.

Bíonn Cairde na Cruite ag gníomhú freisin mar fhoinse faisnéise ar an gcruit in Éirinn agus mar bhealach chun faisnéis a mhalartú idir cruitirí (tá 654 duine ar an mbunachar sonraí ríomhphoist acu, agus tá breis is 900 cara ar Facebook acu). Tá clár foilsithe ar siúl acu ó 1975 i leith freisin, agus tugtar sonraí breise ar an ngné sin dá gcuid oibre sa rannán Acmhainní ar leathanach 69.

Reáchtálann an coiste scéim freisin chun cruiteanna a fháil ar cíos: tá sé cinn de chruiteanna luamhán acu le ligean amach ar cíos. Nuair a bhíonn cruiteanna breise de dhíth ar dhaltaí ag an scoil samhraidh, déanann siad teagmháil le déantóirí cruiteanna agus eagraíonn siad cruiteanna le ligean ar cíos (bhí 11 chruit de dhíth in 2013).

Eagraíonn Cairde na Cruite ceolchoirm freisin san earrach agus um Nollaig, agus déanann comhaltaí a bhíonn ag teagasc ag Scoil Samhraidh Willie Clancy an ceadal cruiteanna a shocrú freisin.



Kathleen Loughnane, Máire Ní Chathasaigh, Anne-Marie O'Farrell, Tríona Marshall, Dearbhail Finnegan, Kim Fleming agus Cormac De Barra – cuid de na teagascóirí agus de na ceoltóirí ag an gCúirt Chruitireachta 2011. Grianghraf le Kieran Cummins

Bhí ioncam €58,712 ag Cairde na Cruite in 2013, lenar cuimsíodh táillí teagaisc na féile agus ticéid do na ceolchoirmeacha (62%), deontais (19%), cruiteanna a ligean ar cíos (6%), díol foilseachán (3%) agus táillí ballraíochta (1%). Caitear formhór an ioncaim ar an gCúirt Chruitireachta a riar (75% – €43,897), agus caitear an chuid eile ar an gclár foilsithe, ar árachas ar chruiteanna, agus ar chostais riaracháin eile. Is cumann deonach é Cairde na Cruite. Bíonn coiste naonúir acu agus cabhraíonn oibrithe deonacha leo sin. Níl íoctar aon riarthóir agus ní dhéantar aon íocaíocht as na míonna a chaitear ag eagrú na féile, ach íoctar tuarastal leo siúd a bhíonn ag teagasc agus ag seinm ag an gCúirt Chruitireachta.

Tugann an Chomhairle Ealaíon maoiniú bliantúil don Chúirt Chruitireachta faoi Scéim na bhFéilte agus na nImeachtaí (€11,500 in 2013 agus 2014, thíos ó €14,000 in 2012 agus €13,500 in 2011). Tá roinnt maoinithe faighte ag an gCúirt Chruitireachta ó Chomhairle Contae Lú freisin (€500 in 2014).

Tá go leor bainte amach ag Cairde na Cruite ó bunaíodh iad 54 bliana ó shin, agus gan ach fíorbheagán tacaíochta ón stát acu. Bhí ról ríthábhachtach acu in athnuachan sheinm na cláirsí, agus baineadh é sin amach mar thoradh ar iarracht mhór na n-oibrithe deonacha thar thréimhse fhada. Tá clársceidealú uilechuimsitheach agus uaillmhianach acu, agus tá grá don chruitireacht Ghaelach, mar aon le tiomantas chun an traidisiún sin a chosaint agus a fhorbairt, ag go leor glún de cheoltóirí óga mar thoradh ar an gCúirt Chruitireachta.

Ní féidir le Cairde na Cruite aghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán roimh fhorbairt na cruitireachta Gaelaí leis an leibhéal reatha tacaíochta ón gComhairle Ealaíon – ná ní féidir leo na deiseanna éagsúla forbartha atá ann a thapú. Ar an ábhar sin, is ábhar imní é an leibhéal íseal maoinithe. Tá príomh-mhaoiniú bliantúil don eagraíocht ríthábhachtach má tá an chruitireacht Ghaelach le leanúint uirthi ag fás.

Pléifear é sin a thuilleadh i rannán na Moltaí.

Is féidir pleananna Chairde na Cruite don todhchaí a achoimriú mar seo a leanas:

- infheistíocht a dhéanamh chun margaíocht a dhéanamh ar an gCúirt Chruitireachta agus chun an Chúirt a chur chun cinn don chomóradh tríocha bliain 2015;
- an clár foilsithe a fhorbairt le foilsiú *Sounding Harps 5*, agus na foilseacháin go dtí seo a chur chun cinn;
- bunachar sonraí de mhúinteoirí a fhorbairt;
- an scéim chun cruiteanna a ligean amach ar cíos a fhorbairt agus a chur chun cinn;
- leanúint leis an gclár ceolchoirmeacha san earrach agus sa gheimhreadh;
- plean a fhorbairt chun lárionad idirnáisiúnta cruitireachta a chruthú i mBaile Átha Cliath.

## Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann

Bhunaigh Siobhán Armstrong Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann in 2003. Tá coiste ceathrair ag an gcumann agus eagraíonn siad scoil samhraidh bhliantúil agus sraith ceolchoirmeacha, cuireann siad teagasc ar fáil i gcúig chontae, bíonn siad páirteach i gcóipeanna de sheanchláirseacha a choimisiúnú ó dhéantóirí cruiteanna, tá scéim acu chun cruiteanna a ligean ar cíos, déanann siad leabharlann iasachtaí a riar, agus bíonn siad ina fhoinse faisnéise maidir leis an tseanchláirseach.

Eagraíonn an Cumann Scoil na gCláirseach gach bliain. Scoil samhraidh bunaithe ar an tseanchláirseach atá ann, agus tá sé ar an bhfód le haon bhliain déag anuas. Cuimsíonn Scoil na gCláirseach seacht lá de theagasc, ceardlanna, léachtaí, ceolchoirmeacha le teagascóirí, ceolchoirm phoiblí, agus turas allamuigh go músaeim i mBaile Átha Cliath chun féachaint ar sheanchláirseacha.

Bhí cúigear teagascóirí agus 20 dalta páirteach ann in 2014. Bíonn Scoil na gCláirseach ar siúl i Scoil Cheoil Chill Chainnigh i gCathair Chill Chainnigh i lár mhí Lúnasa (bíonn cuid den scoil ar siúl ag an am céanna le Féile Ealaíon Chill Chainnigh mar sin). Cuimsítear ábhair amhail cleachtas seanma, comhthéacs stairiúil, stór ceoil uirlise agus gutha, agus tógáil cruiteanna sna ceardlanna. Sa cheolchoirm phoiblí, cuirtear ceol ón tseanchláirseach i láthair le píobaireacht uilleann agus amhránaíocht ar an sean-nós agus stór comhaimseartha á sheinm.

Eagraíonn an Cumann Sraith Ceolchoirmeacha Samhraidh freisin agus bíonn na ceolchoirmeacha ar siúl i mBaile Átha Cliath, i gCill Chainnigh agus i nGaillimh.

Reáchtálann an Cumann scéim chun cruiteanna a ligean ar cíos. Tá 14 chruit acu ar cóipeanna iad de sheanchláirseacha, agus tógadh na tomhais ó na cláirseacha bunaidh i músaeim. Ceannaíodh na cláirseacha sin thar thréimhse roinnt blianta le tacaíocht ó Scéim Chaipitiúil Music Network agus ó Scéim Chaipitiúil Ceoil na Comhairle Ealaíon. Síneann clár teagaisc an Chumainn go Port Láirge, Gaillimh, Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh, Ard Mhacha agus thar lear trí mheán Skype. Tá catalóg do leabharlann tagartha agus iasachtaí an Chumainn le fáil ar a shuíomh gréasáin.

Ba é €47,781 ioncam an Chumainn in 2013, lenar cuimsíodh deontais (38%), ioncam ó Scoil na gCláirseach (25%), cruiteanna a ligean ar cíos, cruiteanna agus oiriúintí a dhíol (18%), tabhartais agus táillí ballraíochta (9%), agus líon beag leabhar agus dlúthdhioscaí a dhíol.

Bhain an caiteachas in 2013 le Scoil na gCláirseach a riar (48% – €22,794), cruiteanna agus oiriúintí a cheannach (19% – €9,167), cruiteanna ar cíos (5% – €2,510), móide costais dlúthdhioscaí, leabhar, ionaid ar cíos agus costais riaracháin (15% – €7,280).

Tugann an Chomhairle Ealaíon maoiniú bliantúil do Scoil na gCláirseach faoi Scéim na bhFéilte agus na nImeachtaí (€4,000 in 2014 agus €3,000 in 2013, thíos ó €9,000 in 2012). Ina theannta sin, mhaoinigh an Chomhairle Sraith Ceolchoirmeacha Samhraidh an Chumainn faoi Scéim Deis roimhe seo (€7,500 in 2013 agus €6,600 in 2011).

Ar aon dul le Cairde na Cruite, ní íocann an Cumann aon riarthóir agus bíonn sé ag brath ar chabhair dheonach.


Scoil na gCláirseach 2015
Grianghraf le Pat Moore

Tá an Cumann tar éis cur go mór le saol an cheoil in Éirinn le blianta beaga anuas. Taibhiú Treoraithe Stairiúil an fhealsúnacht atá aige, agus baineann sé sin le gluaiseacht níos leithne idirnáisiúnta an Luath-Cheoil. Dhírigh an Cumann ar cháilíochtaí na seanchláirsí a léiriú, ar thaighde a dhéanamh ar an gceol sin, agus ar an gceol sin a chur i gcomhthéacs. Ócáidí saibhre ceoil atá sa scoil samhraidh agus sa tsraith ceolchoirmeacha dá chuid.

Tá go leor eile go bhféadfadh an Cumann a bhaint amach. Tá pleananna uaillmhianacha ag an gCumann, ach ní féidir an fhorbairt sin a dhéanamh ar an leibhéal maoinithe reatha. Tá príomh-mhaoiniú bliantúil don eagraíocht ríthábhachtach freisin chun dul chun cinn a dhéanamh amach anseo.

Féachfar air sin a thuilleadh i rannán na Moltaí.

Is féidir pleananna an Chumainn don todhchaí a achoimriú mar seo a leanas:

- A ghréasán múinteoirí a mhéadú ó cheathrar go seisear agus cur le teagasc na seanchláirsí timpeall na tíre;
- cur leis an líon ceolchoirmeacha gach bliain;
- plean gníomhaíochta a fhorbairt i dtreo áitreabh an Chumainn a chur ar bun ina mbeadh oifig, riarthóir íoctha, seomra stórais do chruiteanna, spás leabharlainne, agus spás le haghaidh ceachtanna agus léachtaí;
- iriseán bliantúil *Journal of the Historical Harp Society of Ireland* a bhunú chun fóram a chur ar fáil don taighde idirnáisiúnta is déanaí sa réimse;
- siollabas teagaisc don Chumann a fhorbairt mar aon le struchtúr scrúduithe grádaithe;
- paraiméadair a fhorbairt chun seanchláirseacha a thógáil;
- samhlacha eile do chruiteanna do dhaltaí a cheannach (tá cóipeanna déanta ag an gCumann cheana féin de chúig cinn de na 18 seanchláirseach atá ann cheana);
- craobhacha idirnáisiúnta den Chumann a bhunú.

## The Irish Harp Centre

Bhunaigh Janet Harbison an Irish Harp Centre in 2002, agus tá an t-ionad lonnaithe i gCaisleán Uí Chonaill, Co. Luimnigh.

Bhí Harbison bunaithe i mBéal Feirste ar feadh ocht mbliana déag roimhe sin, áit ar bhunaigh sí an Belfast Harp Orchestra agus ina raibh sí ina stiúrthóir ar roinnt scoileanna, comhdhálacha agus féilte ar an gcruit.

Tá an Irish Harp Centre ina ionad idirnáisiúnta do theagasc na cruite, agus cuirtear roghanna éagsúla ar fáil ann idir chúrsaí cónaithe deireadh seachtaine agus trí mhí agus scoileanna samhraidh. Cuirtear teagasc ar fáil ann do chruitirí áitiúla agus do dhaltaí idirnáisiúnta araon, agus cuirtear teagasc ar fáil ar uirlisí eile ceoil thraidisiúnta ann freisin.

Tá an t-ionad lonnaithe i dteach scoile athchóirithe, agus tá réimse seomraí teagaisc agus cóiríochta ann. Tá siopa beag/áit fáiltithe ann freisin ina ndíoltar go leor foilseachán agus dlúthdhioscaí ón Irish Harp Centre.

Tá 78 cruit luamhán de mhéideanna éagsúla ag an ionad le ligean amach ar cíos do dhaltaí: 22 lánmhéide (34 téad), 18 idirmheánach (29–31 téad), agus 38 cruit Bardic (26 téad).

Tá Ceolfhoireann Cruiteanna na hÉireann, ar bhunaigh Harbison í, lonnaithe san ionad freisin. Bíonn an cheolfhoireann ag seinm in Éirinn agus thar lear.

Le déanaí, sheinn an Cheolfhoireann mar chuid de Brian Boru Millennium Harp Festival. Bhí Harbison ina stiúrthóir ar an bhféile sin a bhí ar siúl i gCaisleán Uí Chonaill agus i gCathair Luimnigh an 18-24 Lúnasa. Cuimsíodh san fhéile an chéad taibhiú ar shaothar nua, *Brian Boru, Lion of Ireland*, a chum ag Harbison do cheolfhoireann cruiteanna (le dhá ghrúpa cruiteanna ón bhFrainc agus ó Bhostún, Massachusetts), banna píob, cór, agus aonréadaí ar an gcruit luamhán agus ar an tseanchláirseach, mar aon le scoil samhraidh, turais allamuigh, ceolchoirmeacha luatha sa tráthnóna, agus comhdháil dár theideal *Brian Boru, His Harp and Legacy*.

Tionscnamh dinimiciúil uaillmhianach is ea an Irish Harp Centre. Mar thoradh ar fhís Janet Harbison don chláirseach le breis is tríocha bliain anuas, tháinig go leor tionscnaimh thábhachtacha chun cinn a bhí an-tábhachtach don rath atá ar shaol na cruite Gaelaí i láthair na huaire.

Níl maoiniú ar bith faighte ag an Irish Harp Centre ón gComhairle Ealaíon ó 2006 nuair a fuarthas €7,000 chun 20 cruit a cheannach. Bhí drochthoradh ag an gcor eacnamaíoch in Éirinn sna sé bliana seo a chuaigh thart ar an ionad. Tá ar a chumas leanúint de chur go mór leis an gcruitireacht in Éirinn ach an tacaíocht cheart a fháil. Tá sé ríthábhachtach go spreagfaidh an Chomhairle an tIonad le hiniúchadh a dhéanamh ar raon scéimeanna na Comhairle agus ar conas is féidir leis an gComhairle tacú le clár gníomhaíochtaí an Ionaid.

## Comhaltas Ceoltóirí Éireann

Bhí ról suntasach ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann go dtí seo maidir le cúrsaí cruitireachta in Éirinn, agus leanfaidh siad leis an ról sin amach anseo.

Bíonn 25,000 duine ón domhan ar fad páirteach i gcomórtais sna Fleadhanna áitiúla, contae, réigiúnacha, agus cúige de chuid an Chomhaltais, agus glacann 7,000 díobh sin páirt i bhFleadh Cheoil na hÉireann a bhíonn ar siúl gach bliain i mí Lúnasa.

Is ann d'ocht gcinn de chomórtais cruite i láthair na huaire: 'an Chláirseach' agus 'Foinn Mhalla ar an gCláirseach' i gceithre cinn d'aoisghrúpaí (faoi 12, 12-15, 15-18, agus Sinsearach).

Ghlac naoi gcruitire is nócha páirt i bhFleadh Cheoil na hÉireann 2014 i Sligeach, lenár cuimsíodh 59 ó Phoblacht na hÉireann, deichniúr ó Thuaisceart Éireann, naonúr ó Shasana, beirt ó Albain, agus naoi nduine dhéag ó SAM.

Bíonn comórtais do dhísréid, do thríréid agus do ghrúpaí ceoil sna Fleadhanna freisin mar aon le comórtais sa tionlacan, agus cuireann cruitirí isteach orthu sin ar fad.


I measc na ngníomhaíochtaí cruitireachta eile ag an gComhaltas, áirítear: teagasc na cruite ag Scoil Éigse sa tseachtain roimh Fhleadh Cheoil na hÉireann; tacaíocht do scoileanna samhraidh a bhíonn á reáchtáil ag craobhacha aonair; grúpaí a eagrú le seinm i gceolchoirmeacha agus ar chamchuairteanna idirnáisiúnta ar a mbíonn an chruitire Gaelach i gcónaí; agus scrúduithe sa cheol traidisiúnta (Scrúdú Ceol Tíre) agus dioplóma i dteagasc ceoil thraidisiúnta (Teastas Teagaisc Ceolta Tíre) a chur ar siúl. In 2014, thug Comhaltas coimisiún don chruitire Michael Rooney chun *The Boroimhe Suite* a chumadh lena sheinm ag Fleadh Cheoil na hÉireann.

Faigheann Comhaltas maoiniú díreach ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Faigheann roinnt craobhacha de Chomhaltas maoiniú ón gComhairle Ealaíon, go háirithe trí Scéim Deis agus Scéim na bhFéilte agus na nImeachtaí.

## 3.14 Acmhainní

Mar gheall ar nádúr stairiúil go leor den stór ceoil don chláirseach, tá sé fíorthábhachtach go ndéanann institiúidí na foinsí a chosaint agus a chur ar fáil i réimse formáidí.

Acmhainn ríthábhachtach do phobal cruitireachta na hÉireann is ea Taisce Cheol Dúchais Éireann, ach úsáideann siad roinnt acmhainní eile freisin (Cairt 43).




Cairt 43: **(Sampla: 266)**

Tá tábhacht ar leith ag acmhainní ina bhfuil ábhar a bhaineann leis an luath-thraidisiún cruitireachta, mar shampla Bailiúchán Bunting in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. D'fhoilsigh Taisce Cheol Dúchais Éireann saothar tábhachtach tagartha leis an Dr Colette Moloney ar lámhscríbhinní Bunting in 2000, *The Irish Music Manuscripts of Edward Bunting (1773-1843): An Introduction and Catalogue*.

I measc na n-acmhainní eile a luadh, áirítear Leabharlann Náisiúnta na hAlban agus cartlanna Aloys Fleischmann agus Dónal O'Sullivan i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Rinne Dónal O'Sullivan (1893-1973) taighde tábhachtach ar Ó Cearbhalláin agus d'fhoilsigh sé saothar ceannródaíoch i 1958: *Carolan – The Life and Times of an Irish Harper*.

### Acmhainní priontáilte

Tá clár foilsithe ar siúl ag Cairde na Cruite ó 1975, nuair a foilsíodh *The Irish Harp Book*.

Ansin foilsíodh ceithre imleabhar de *Sounding Harps*, ar cnuasaigh iad d'fhoinn le luathchruitirí, foinn thraidisiúnta, foinn agus amhráin mhalla, aicmithe de réir deacrachta (tosaitheoir go sinsearach). In 2010, chun comóradh a dhéanamh ar 50 bliain an chumainn, d'fhoilsigh Cairde na Cruite *Rogha na gCruitirí – Harpers' Choice: 100 traditional tunes for the Irish harp,* arna chur in eagar ag Áine Ní Dhubhghaill, Anne-Marie O'Farrell agus Aibhlín McCrann. Cuimsítear ann cóirithe ar cheol luathchruitirí, foinn agus amhráin thraidisiúnta, agus saothar nuachumtha le 53 cruitire Gaelach comhaimseartha.




Janet Harbison agus Muireann O'Dwyer.
Grianghraf le John Garrett.

Tá réimse foilseacháin oideolaíocha foilsithe freisin ag Janet Harbison, faoi choimirce an Irish Harp Centre, lena n-áirítear seacht gcinn de leabhar teagaisc aicmithe don chláirseach thraidisiúnta, ó thosaitheoirí óga go tosaitheoirí fásta.

Tá roinnt saothar de chnuasaigh fonn, aonréad ar an gcruit agus saothar nuachumtha foilsithe freisin ag Harbison agus ag ceoltóirí eile amhail Máire Ní Chathasaigh, Gráinne Hambly, Michael Rooney agus Anne-Marie O'Farrell.


I measc na n-acmhainní cló stairiúla a bhfuil an-tábhacht leo, áirítear bailiúchán Bunting agus bailiúchán Neal. D'fhoilsigh Taisce Cheol Dúchais Éireann eagrán nua de bhailiúchán Neal le Nicholas Carolan in 2010: *A collection of the most celebrated Irish tunes – proper for the violin, German flute or hautboy – John & William Neal [eds.] – facsimile edition by Nicholas Carolan*.

Áirítear freisin saothar 1958 le O'Sullivan ar Thoirbhealbhach Ó Cearbhalláin agus cnuasaigh Francis O'Neill ar cheol damhsa thraidisiúnta na hÉireann (1903–24) i measc na n-acmhainní tábhachtacha eile.




Cairt 44: **(Sampla: 266)**

Úsáideann cruitirí réimse acmhainní ar líne freisin chun bonn eolais a chur faoina gcleachtas ealaíne (Cairt 45).




Cairt 45: **(Sampla: 267)**

Suíomh gréasáin is ea *thesession.org* ar a ndírítear ar cheol traidisiúnta na hÉireann, agus tá bunachar sonraí ar líne ann ina bhfuil breis is 1,200 fonn (i bhformáid ABC). Tá fóram plé agus fógraí maidir le himeachtaí ann freisin.


Úsáideann ceoltóirí *YouTube* chun féachaint ar shaothar ceoltóirí eile, chun éisteacht leo agus chun foghlaim uathu.

Tá bailiúchán de bhileoga ceoil, d'fhuaimeanna agus d'fhíseáin ar *itma.ie*, suíomh gréasáin Thaisce Cheol Dúchais Éireann, agus táthar ag cur leis an mbailiúchán i gcónaí. Tá réimse píosaí fuaime agus físe de cheoltóirí traidisiúnta ar shuíomh gréasáin Chomhaltas freisin.

Tá leabhair nótaí bunaidh Edward Bunting scanta ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus tá siad ar fáil ag *digital.collections.qub.ac.uk*.

Bailiúchán ar líne de bhileoga ceoil is ea *imslp.org* – International Music Score Library Project; siopa ar líne le haghaidh oiriúintí cruite is ea *harpcenter.com*; is é *irishharp.org* suíomh gréasáin Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann; aip don fhón póca is ea *TunePal* agus aithníonn sé foinn damhsa thraidisiúnta na hÉireann; agus is é *earlygaelicharp.info* suíomh gréasáin Rúnaí Chumann Cláirsí na hÉireann, Simon Chadwick, agus tá faisnéis fhorleathan ann ar an tseanchláirseach.

Faigheann formhór na gcruitirí faisnéis ar ghníomhaíochtaí cruitireachta ar líne freisin (Cairt 46).




Cairt 46: **(Sampla: 275)**

Bíonn deacrachtaí ag 12% faisnéis ar ghníomhaíochtaí cruitireachta a fháil.


Acmhainn ríthábhachtach is ea Cairde na Cruite (15%). Tá suíomh gréasáin, leathanach Facebook agus nuachtlitir ríomhphoist acu.

Bíonn na meáin shóisialta, múinteoirí, eolas ó dhaoine eile, agus cairde agus teaghlach an-tábhachtach freisin chun faisnéis ar ghníomhaíochtaí cruitireachta a scaipeadh freisin.

## 3.15 Déanamh cruiteanna

### Úinéireacht chruite


I gcás nócha faoin gcéad de chruitirí, is leo a gcruit féin (Cairt 47)




Cairt 47: **(Sampla: 276)**

### Déantóirí cruite

Sholáthair freagróirí déantús 431 cruit. Meastar go ndearnadh 33% (139) díobh in Éirinn, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann (Cairt 48).




Cairt 48: **(Sampla: 276)**

Is é Salvi san Iodáil nó Camac san Fhrainc a dhéanann formhór na gcruiteanna a cheannaítear. Tá gníomhairí ag an dá chuideachta sin in Éirinn.

I measc na ndéantóirí cruiteanna lánaimseartha in Éirinn a luadh sa suirbhé, tá Jan Muyllaert sa Mhí ag déanamh cruiteanna (agus uirlisí eile) le breis is dhá scór bliain; tá Paul Doyle i nGaillimh ag déanamh uirlisí éagsúla, lena n-áirítear cruiteanna, le tríocha bliain, tá Ériú Harps i nGaillimh (Natalia Surina) ag déanamh cruiteanna le hocht mbliana anuas (déanann sí speisialtóireacht i seanchláirseacha); agus tá Killarney Harps (Tim O'Carroll) agus Brian Callan (Gaillimh) ag déanamh cruiteanna le trí bliana anuas.

Bíonn Turmennan Harps (Mervyn Waugh) i nDún Phádraig ag feidhmiú ar bhonn páirtaimseartha agus tá cruiteanna á ndíol acu le trí bliana anuas. Déantóir páirtaimseartha i Ros Comáin is ea Davy Patton, agus déantóir páirtaimseartha cruiteanna is ea Ruairí McCann ó Narrow Water Harps (Lú) atá i mbun oibre le bliain anuas. Is ann do roinnt daoine freisin a bhíonn ag déanamh cruiteanna ina n-am saor.

Níl cruiteanna á ndéanamh ag Paddy Cafferky ná Larry Egar a thuilleadh, agus fuair Colm Ó Meachair, a rinne 13% de na cruiteanna a luadh sa suirbhé, bás le déanaí.

Daoine ag obair leo féin is ea iad déantóirí cruiteanna in Éirinn go hiondúil.

In agallamh a rinneadh leo, shonraigh déantóirí cruiteanna in Éirinn na dúshláin seo a leanas:

- a is gníomhairí le haghaidh déantóirí cruiteanna thar lear iad líon beag múinteoirí cruite freisin;
- cuireann liostaí feithimh bac ar cheannaitheoirí féideartha in Éirinn, agus ceannaíonn siad cruit thar lear dá bhrí sin;
- níl ann d'aon bhunachar sonraí de mhúinteoirí cruite;
- easpa taithí margaíochta;
- obair dhlúthshaothair atá ann, rud a fhágann nach mbíonn mórán ama ann chun poiblíocht a dhéanamh agus chun díolacháin a bhaint amach;
- Níl an Irish Guild of Musical Instrument Makers ann a thuilleadh;
- Bíonn sé an-chostasach ceardlann a chur ar bun de bharr chostas an trealaimh;
- tá easpa múinteoirí in áiteanna áirithe sa tír – chruthófaí éileamh breise dá mbeadh múinteoirí breise ann;
- gan cáilíochtaí foirmiúla, ní féidir le déantóirí cruiteanna tacaíocht a fháil ón stát chun printísigh a fhostú;
- cuirtear moill ar an táirgiúlacht nuair a bhíonn printíseach le teagasc;
- nuair a bhíonn printíseach á theagasc, ní mór an méid a bhíonn ar siúl a chur ar bhonn foirmiúil. Is próiseas foghlama dinimiciúil atá i ndéanamh cruiteanna áfach, agus tagann athrú ar na teicnící le himeacht na mblianta de réir eolais, taithí agus éilimh ó chruitirí;
- tá gá le taighde cuimsitheach ar dhéanamh seanchláirseacha chun cóipeanna cruinne a dhéanamh;
- bíonn iomrá íseal ag baint le déanamh cruiteanna in Éirinn go ginearálta.

Shainaithin siad na deiseanna seo a leanas

- tá méadú ag teacht ar an éileamh ar chláirseacha;
- tá éileamh breise ar chruiteanna a fháil ar cíos;
- is féidir leo ceangal le margadh domhanda má bhíonn siad ar líne;
- anuas ar chruiteanna a chur ar fáil do cheoltóirí agus d'fhoghlaimeoirí, tá margadh ann freisin do chláirseacha mar ornáidí;
- is deiseanna iontacha iad féilte agus ócáidí cruitireachta chun cruiteanna a thaispeáint agus chun orduithe a ghiniúint;
- d'fhéadfaí an t-ionad nua déanta píob de chuid na bPíobairí Uilleann a úsáid mar shamhail chun déantóirí cruiteanna a chur faoi oiliúint;
- Tá brabús le déanamh ar dhéanamh cruiteanna, ach teastaíonn infheistíocht mhór ón ngnó.

## Ionad Oiliúna Déanta Píob PipeCraft de chuid na bPíobairí Uilleann

Meastar go bhfuil fiche déantóir píoba uilleann lánaimseartha in Éirinn agus tríocha thar lear.

Déanamh píob agus déanamh feagacha an t-ábhar is cúram do na Píobairí Uilleann – eagraíocht na bpíobairí uilleann – ó bunaíodh an eagraíocht in 1968, ach reáchtáladh roinnt tionscnaimh dhírithe eile ó 2008 amhail déanamh píob a theagasc ag Scoil Samhraidh Willie Clancy.

Bhunaigh na Píobairí Uilleann Ionad Oiliúna Déanta Píob PipeCraft i gCluain Seach, Co. Bhaile Átha Cliath in 2010, agus cuireadh tús le hoiliúint lánaimseartha ann in 2012. Tá breis is 130 duine tar éis leas a bhaint as cúrsaí lánaimseartha nó páirtaimseartha san Ionad ó bunaíodh é.

Tá deichniúr mac léinn lánaimseartha ag gabháil do chúrsa trí bliana i láthair na huaire. Maoinítear na hoiliúnaithe faoi scéim Leader agus tá maoirseoir déanta píob fostaithe ag na Píobairí Uilleann ar chonradh ar théarma seasta.

Tá siollabas forbartha ag na Píobairí Uilleann don déanamh píob, agus tá nósanna imeachta iomlána sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm. Chuir an Chomhairle Ealaíon maoiniú €110,000 ar fáil thar thréimhse trí bliana chun an curaclam a fhorbairt.

Cosnaíonn sé €130,000 sa bhliain ar na Píobairí Uilleann PipeCraft a reáchtáil. Le hinfheistíocht €7,000, measann an eagraíocht go bhféadfaí an trealamh riachtanach a cheannach chun cruiteanna agus feadóga móra traidisiúnta a dhéanamh freisin.

Tionscnamh tábhachtach le déanaí maidir le déanamh píob a fhorbairt is ea obair na ndéantóirí a thaifeadadh ar fhíseán agus an t-eolas agus an taithí sin a roinnt ar DVD, ar líne agus ar aip shoghluaiste. Cabhraigh an tionscnamh sin le déanamh píob ina iomláine.

### Todhchaí do dhéanamh cruiteanna in Éirinn


Tá an t-éileamh méadaithe ar chruiteanna le blianta beaga anuas ina chéim thosaigh thábhachtach do thodhchaí an déanaimh cruiteanna. Mar sin féin, d'fhéadfaí é a fheabhsú a thuilleadh trí chóras a fhorbairt in Éirinn chun cruiteanna a fháil ar cíos mar aon le bunachar sonraí de mhúinteoirí, rud a chuirfeadh leis an éileamh.

Tá sé ríthábhachtach freisin go bhfuil feasacht níos fearr i measc cruitirí, eagraíochtaí cruitireachta agus tuismitheoirí cruitirí féideartha ar an réimse cruiteanna agus seirbhísí a chuireann déantóirí cruiteanna in Éirinn ar fáil, agus is le margaíocht agus comhroinnt faisnéise éifeachtach a bhaineann sé sin.


Is ann do réimsí áirithe ina bhféadfadh tacaíocht na Comhairle Ealaíon difear a dhéanamh. Pléifear na saincheisteanna sin a thuilleadh sna Moltaí.

## 3.16 Maoiniú

Chuir fiche a cúig faoin gcéad de na freagróirí isteach ar mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon roimhe seo (Cairt 49).





Cairt 49: **(Sampla: 278)**




Cairt 50: **(Sampla: 53)**


Sholáthair trí fhreagróir is caoga sonraí breise ar an maoiniú a fuair siad (Cairt 50). Ba mar gheall ar fhéilte agus ar scoileanna samhraidh ba mhó a fuarthas maoiniú (38%), agus ina dhiaidh sin chun uirlis a cheannach (17%).

Fuair cúig fhreagróir is caoga maoiniú ó fhoinsí eile (Cairt 51).




Cairt 51: **(Sampla: 55)**

Bhí eolas ag fiche a trí faoin gcéad de na cruitirí ar na roghanna maoinithe atá ar fáil dóibh faoi láthair ón gComhairle Ealaíon (Cairt 52).




Cairt 52: **(Sampla: 283)**

## Maoiniú ón gComhairle Ealaíon don chruitireacht

Cuimsítear iad seo a leanas faoi phríomhthacaíocht na Comhairle Ealaíon don chruitireacht

(i) **maoiniú d'imeachtaí arna n-eagrú ag eagraíochtaí cruitireachta**

(ii) **tacaíocht do chruitirí aonair**

(iii) **tacaíocht d'imeachtaí nó do thionscadail aonuaire a bhaineann leis an gcruitireacht**

(iv) **maoiniú do ghníomhaíocht ealaíon agus cheoil níos leithne lena n-áirítear an chruitireacht**

(i) Tugadh €160,120 d'imeachtaí cruitireachta arna n-eagrú ag eagraíochtaí cruitireachta sna cúig bliana seo a chuaigh thart, nó €32,024 sa bhliain ar an meán.

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cairde na Cruite | 15,000 | 13,200 | 13,500 | 14,000 | 11,500 |
| Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann | 12,000 | 5,000 | 11,496 | 10,224 | 15,500 |
| O'Carolan Harp, Cultural & Heritage Festival (An Obair, Co. na Mí) | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 0 |
| O'Carolan Harp Festival (Céideadh, Co. Ros Comáin) | 0 | 4,500 | 5,000 | 5,000 | 3,500 |
| Muckross Harp Trail | N/A | N/A | N/A | 4,350 | 4,350 |
| **IOMLÁN** | 30,000 | 25,700 | 32,996 | 36,574 | 34,850 |

**Tábla 3**

(ii) Tugadh méid iomlán €96,420 do sheisear cruitirí aonair sna cúig bliana seo a chuaigh thart (€19,284 sa bhliain ar an meán), le haghaidh tionscadal lenar cuimsíodh taighde ar an gcruit, sraith ceolchoirmeacha agus saothar nua a chumadh agus dlúthdhioscaí a thaifeadadh. Bhí €64,000 den mhéid sin ag baint le tionscadail ina raibh réimse ceoltóirí eile fostaithe.

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| Maoiniú do chruitirí aonair | 11,920 | 9,500 | 7,000 | 8,000 | 60,000 |

**Tábla 4**



Muckross Harp Trail 2015
Grianghraf le Valerie O'Sullivan

(iii) Cuimsíodh le tionscadail aonuaire a bhain leis an gcruitireacht coimisiúnú saothair nua le cruitire, dhá scannán a bhí dírithe ar an gcruit, agus ceardlanna, féilte agus camchuairteanna ina raibh cruitirí fostaithe. Méid iomlán de €74,308 a bhí ann (€14,862 sa bhliain ar an meán).

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| Tionscadail chruitireachta aonuaire | 25,000 | 0 | 33,136 | 13,000 | 3,172 |

**Tábla 5**

(iv) Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon freisin le dhá cheann déag den cheann is fiche de na féilte/scoileanna samhraidh Éireannacha ina gcuirtear teagasc ar an gcruit ar fáil; Féile Cheol Ársa na Gaillimhe, ina mbíonn an chláirseach go minic ar gclár; agus go leor féilte, ionad agus tionscnóirí eile ina mbíonn cruitirí Gaelacha fostaithe.

Is leis na sonraí sin ar mhaoiniú a chuirtear críoch leis na torthaí ón Suirbhé do Chruitirí. Sa chéad chuid eile den tuarascáil, dírítear ar mholtaí d'fhorbairt bhreise.



*Harps on the Liffey*
– seoladh love: live music 2010.
Grianghraf le Maxwells

# 4. MOLTAÍ


Ag tús na tuarascála seo, liostaíodh na saincheisteanna éagsúla a tharraing pobal na cruite anuas cheana ag an Siompóisiam ar an gCruit in 2010 agus ag cruinniú leis an gComhairle Ealaíon in 2013.

Ba iad na cinn ba thábhachtaí díobh siúd, fóram ar an gcruit a bhunú chun comhoibriú sa bhreis idir eagraíochtaí cruitireachta a éascú, lárionad cláirsí a bhunú i mBaile Átha Cliath, agus Lá Idirnáisiúnta na Cláirsí a chur ar bun chun clú na huirlise a ardú.

Díríodh freisin ar thacaíochtaí breise a thabhairt isteach do dhéanamh cruiteanna in Éirinn; ar an ngá atá le príomh-mhaoiniú rialta d'eagraíochtaí cruitireachta, le bunachar sonraí de mhúinteoirí a bhunú, le teagasc ar ardchaighdeán a bheith ar fáil ar bhonn níos forleithne; agus cuireadh béim ar a thábhachtaí atá sé an stór ceoil na seanchláirsí a chosaint.


Tacaíonn an taighde sa tuarascáil seo le go leor de na hábhair imní sin, agus cuirtear pictiúr níos mionsonraithe ar fáil ag an am céanna.

Nuair a iarradh orthu liosta a thabhairt de na dúshláin is mó a bhíonn roimh ghairm bheatha a fhorbairt mar chruitire, thug 264 freagróir na freagraí seo a leanas (Cairt 53):




Cairt 53: **(Sampla: 264)**

Nuair a iarradh ar chruitirí atá páirteach sna heagraíochtaí faoi láthair, nó a bhí páirteach iontu roimhe seo, liosta a thabhairt de na dúshláin is mó, thug 76 freagróir na freagraí seo a leanas (Cairt 54):




Cairt 54: **(Sampla: 76)**

Rinneadh iniúchadh breise ar thorthaí an tsuirbhé i leith na gceisteanna sin in agallaimh le healaíontóirí agus le hionadaithe ó na heagraíochtaí.

Déileálfar thíos leis na saincheisteanna a tháinig chun cinn.

## 4.1 Eagraíochtaí a mhaoiniú

Sa suirbhé agus sna hagallaimh araon, léiríodh a thábhachtaí atá tacaíocht bhreise d'eagraíochtaí cruitireachta in Éirinn mar cheann de na príomhthosaíochtaí. Tá infheistíocht €24,284 sa bhliain ar an meán sna cúig bliana seo a chuaigh thart déanta ag an gComhairle Ealaíon in dhá eagraíocht cruitireachta: Cairde na Cruite agus Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann. Níl maoiniú ón gComhairle faighte ag an Irish Harp Centre ó 2006.

Tá obair na dtrí eagraíocht an-tábhachtach do thodhchaí na cruite. An dúshlán atá ann ná tacú leis an obair ar leith a bhíonn ar siúl acu féin agus cur ar a gcumas comhoibriú lena chéile de réir mar a bhíonn gá leis.

Is iomaí tasc nach mór tabhairt fúthu maidir leis an gcruit ach, mura bhfuil acmhainní níos fearr ag na heagraíochtaí cruitireachta, ní féidir bheith ag súil go ndéanfar dul chun cinn mór.

Cé go bhfuil méid mór bainte amach ag eagraíochtaí go dtí seo, agus é sin ar bhonn deonach go minic, níor cheart glacadh leis go ndéanfar amhlaidh amach anseo.

Dá bhrí sin, tá gá – mar an chéad chéim ríthábhachtach – le maoiniú breise ón gComhairle Ealaíon do na heagraíochtaí cruitireachta Cairde na Cruite agus an Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann le cur ar a gcumas daoine a fhostú chun tacaíocht riaracháin a chur ar fáil, cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, agus gabháil do phleanáil fadtréimhse.

Acmhainn den scoth don phobal cruitireachta in Éirinn is ea an Irish Harp Centre, ach ní cliant de chuid na Comhairle é faoi láthair. Tá sé tábhachtach go spreagfaidh an Chomhairle Ealaíon an tIonad le hiniúchadh a dhéanamh ar raon scéimeanna na Comhairle agus ar conas is féidir leis an gComhairle tacú le clár gníomhaíochtaí an Ionaid.

### Moltaí

**4.1.1** D'fhonn príomh-mhaoiniú bliantúil a chur ar fáil d'eagraíochtaí cruitireachta lárnacha, d'fhéadfadh an Chomhairle Ealaíon Cairde na Cruite agus Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann a spreagadh chun cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim 'Maoiniú Bliantúil'.

**4.1.2** Moltar don Chomhairle Ealaíon an Irish Harp Centre a spreagadh chun dul i mbun cainte leis an gComhairle maidir lena chuid pleananna don todhchaí agus féachaint ar conas is féidir leis an gComhairle tacú le clár gníomhaíochtaí cruitireachta an Ionaid.

## 4.2 Fóram na Cruitireachta Gaelaí

Agus trí eagraíocht ar leith ar an bhfód a bhíonn ag plé le cúrsaí cruitireachta, ní hiontas go bhfuil ceist an chomhoibrithe tarraingthe anuas cheana, mar shampla ag an Siompóisiam ar an gCruit in 2010 agus ag Cruinniú na gCruitirí in 2013.

Tá fiúntas ag baint le bunú Fhóram na Cruitireachta Gaelaí, mar a moladh ag an gcruinniú sin, mar bhealach cumarsáide tréimhsiúla idir na comhlachtaí éagsúla mura mbeadh ann ach sin. Saol beag is ea saol na cruitireachta, agus rachaidh comhroinnt faisnéise, eolais agus taithí chun leas an phobail cruitireachta ina iomláine. Tá aidh-meanna éagsúla ag na trí chomhlacht, ach níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc orthu fanacht i dteagmháil rialta lena chéile agus comhoibriú lena chéile de réir mar a bhíonn gá leis, mar shampla maidir leis an moladh go mbunófaí Lá Idirnáisiúnta na Cláirsí. Is iomaí cosúlacht atá ann idir Cairde na Cruite agus an Irish Harp Centre go háirithe.

Céim mhór a bheadh ann i dtosach cruinnithe leathbhliantúla a chur ar bun faoi chathaoirleach neamhspleách ag tosú in 2015.

### Moladh

**4.2.1** D'fhonn pobal cruitireachta na hÉireann a neartú a thuilleadh, ba cheart do Chairde na Cruite, Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann agus an Irish Harp Centre céimeanna a ghlacadh chun Fóram na Cruitireachta Gaelaí a chur ar bun a mbeadh cruinnithe leathbhliantúla aige.

## 4.3 Lárionad Idirnáisiúnta na Cláirsí, Baile Átha Cliath

Luadh an aidhm Lárionad Idirnáisiúnta na Cláirsí a bhunú i mBaile Átha Cliath ag an Siompóisiam ar an gCruit in 2010, ag Cruinniú na gCruitirí in 2013 agus i dtorthaí an tsuirbhé seo.

Tá sé léirithe ag na Píobairí Uilleann, a bhfuil áitreabh acu i Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath, gur féidir le hionad sa phríomhchathair tionchar dearfach a bheith aige ar uirlis, ar stór ceoil agus ar thraidisiún a bhí i mbaol tráth den saol. I 1968, nuair a bunaíodh na Píobairí Uilleann, bhí thart ar 50 píobaire uilleann in Éirinn. Meastar go bhfuil os cionn 5,000 ar fud an domhain anois. Tá ceathrar ag obair go lánaimseartha leis na Píobairí Uilleann faoi láthair (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Cartlannaí, Riarthóir agus Cúntóir Riaracháin) agus fostaíonn siad Ceann Forbartha agus Maoirseoir ar Dhéantús Píb Uilleann ar bhonn conarthach. Fuair siad €334,000 i bhfoirm maoinithe ón gComhairle Ealaíon in 2014.

Tá ceithre phríomhshnáithe ag baint le straitéis na bPíobairí Uilleann: rochtain, oideachas, seinm agus caomhnú. Reáchtálann an eagraíocht raon gníomhaíochtaí: teagasc a thabhairt i mBaile Átha Cliath agus an tionscnamh chun triail a bhaint as an bpíb uilleann timpeall na tíre (i gcomhar le Music Generation); riaradh na scéime chun píb uilleann a fháil ar iasacht; ceadal agus léachtaí rialta a eagrú; Ionad Oiliúna Déantús Píb Uilleann PipeCraft agus cúrsaí eile i ndéantús píb uilleann a riar; tréimhseachán míosúil, DVDanna agus taifeadtaí a fhoilsiú; Lá Píobaireachta Idirnáisiúnta a eagrú; obair chartlainne; agus comhpháirtíocht le raon eagraíochtaí agus imeachtaí, amhail Scoil Samhraidh Willie Clancy, chun an phíb uilleann a chur chun cinn.

Tá siad ag gabháil d’iarracht mhór tiomsaithe airgid i láthair na huaire le haghaidh tionscadal caipitil chun síneadh a chur ar a áitreabh isteach in Uimh. 16 Sráid Henrietta agus Ionad Cuairteoirí agus Téatar Idirnáisiúnta don Phíobaireacht Uilleann a chruthú ann.

Is rud uaillmhianach é Lárionad Idirnáisiúnta na Cláirsí i mBaile Átha Cliath – agus tá sé tábhachtach go mbeadh uaillmhianta móra den sórt sin ag an bpobal cruitireachta – agus bheadh sampla agus taithí na bPíobairí Uilleann fiúntach chun oibriú sa treo sin.

Go dtí seo, is uaillmhian é a bhfuil baint ag Cairde na Cruite leis níos mó ná aon dream eile. Teastóidh ceannaireacht agus grúpa oibre ó thionscadal mór mar sin chun tuilleadh taighde agus pleanála a dhéanamh. Is faoi Chairde na Cruite an ról ceannaireachta sin a ghlacadh má táthar chun dul chun cinn a dhéanamh, cé gur cheart go mbeadh aon ghrúpa oibre in ann ballraíocht a ghlacadh ó eagraíochtaí cruite eile freisin.

Ba cheart don Chomhairle Ealaíon tacú leis an bpobal cruitireachta leis an uaillmhian Lárionad Idirnáisiúnta na Cláirsí a bhunú, i mBaile Átha Cliath, agus, trína maoiniú d’eagraíochtaí cruite agus trí mhaoiniú tionscadail agus scéimeanna, d’fhéadfadh sí tuilleadh taighde a dhéanamh ar an smaoineamh sin.

### Moladh

**4.3.1** Moltar go dtabharfadh an Chomhairle Ealaíon tacaíocht don phobal cruitireachta lena n-uaillmhian Lárionad Idirnáisiúnta na Cláirsí a bhunú i mBaile Átha Cliath trí thacú le breis taighde a dhéanamh ar an gcuspóir sin.



Muckross Harp Trail 2015
Grianghraf le Valerie O'Sullivan

## 4.4 Deis

Is díol suntais mór é gur cuireadh 'Easpa deiseanna' chun tosaigh mar an dúshlán is mó atá roimh chruitirí (ba iad sin rogha focal na bhfreagróirí, ní raibh na focail sin sa suirbhé féin – ba cheist oscailte a bhí ann).

Baineann easpa deiseanna ar bhealach amháin le saincheist thábhachtach eile – iomrá íseal na cruite Gaelaí – ach baineann sé freisin leis an dúshlán níos ginearálta agus is é sin gairm bheatha a fhorbairt mar cheoltóir.

Ní bhaineann an cheist seo le cruitirí Gaelacha amháin. Tá obair chruthaitheach dian agus is minic go mbíonn deacracht ag ceoltóirí an t-am breise a aimsiú chun tabhairt faoin obair phoiblíochta a theastaíonn chun ioncam a shaothrú as.

Is cuma más cuid de thionscnamh oiliúna forbartha gairmiúla níos leithne ón gComhairle Ealaíon a bheadh i gceist, nó oiliúint á tabhairt go sonrach ag eagraíochtaí cruite, is léir go bhfuil éileamh ar oiliúint i measc cruitirí a chuideodh leo gairm bheatha a bhaint amach dóibh féin mar cheoltóirí.

### Moladh

**4.4.1** Moltar gur cheart don Chomhairle Ealaíon tacú le heagraíochtaí cruite ar mian leo oiliúint forbartha ghairmiúil a chur ar fáil do chruitirí chun deis a thabhairt dóibh slí bheatha a chruthú dóibh féin sa cheol.

## 4.5 Dámhachtainí agus scéimeanna na Comhairle Ealaíon

Níl cur amach ach ag faoi bhun 25% den phobal cruitireachta ar scéimeanna agus ar dhámhachtainí na Comhairle Ealaíon agus ní bhfuair ach seisear cruitirí aonair tacaíocht ón gComhairle Ealaíon le cúig bliana anuas (sin infheistíocht €19,284 ar an meán in aghaidh na bliana).

D'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag an gComhairle Ealaíon ar thuilleadh deiseanna a chruthú do chruitirí Gaelacha trí fheasacht a mhéadú faoi na dámhachtainí atá ar fáil agus tuilleadh cruitirí a spreagadh chun iarratas a dhéanamh.

D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí thionscnaimh faisnéise poiblí ag imeachtaí cruite amhail an Chúirt Chruitireachta, Féile Cruite, Cultúrtha agus Oidhreachta Uí Chearbhalláin san Obair agus Féile Cruite Uí Chearbhalláin i gCéideadh, Muckross Harp Trail, an ceadal cruite ag Scoil Samhraidh Willie Clancy, agus Scoil na gCláirseach; trí úsáid a bhaint as na líonraí cruite agus as eagraíochtaí ceoil; chomh maith le feachtas poiblíochta ginearálta.

D'fhéadfadh na tionscnaimh faisnéise sin díriú ar na dámhachtainí seo a leanas:

- Scéim Deis;
- Dámhachtain tionscadail sa Cheol / sna hEalaíona Traidisiúnta;
- Dámhachtain Sparánachta sa Cheol / na nEalaíon Traidisiúnta;
- Dámhachtain Coimisiún sna hEalaíona Traidisiúnta / sa Cheol;
- Dámhachtain Taifeadta Deis / Scéim Taifeadta Ceoil;
- An Dámhachtain Taistil agus Oiliúna;
- An Dámhachtain Camchuairte agus Scaipeadh Saothair;
- Beyond Borders (Thar Teorainn).

Níl aon seánra amháin inar féidir leat an chruitireacht Ghaelach a chur. Tá stair cheoil 1,000 bliain ag baint leis, téann sí níos faide arís ná ár smaointe comhaimseartha maidir le seánra. Mhothaigh cruitirí a rinne iarratas ar an gComhairle Ealaíon uaireanta go raibh siad 'idir dhá bhruach' sa mhéid is a bhain sé le hiarratas a dhéanamh faoi 'Ceol' nó 'Na hEalaíona Traidisiúnta'. Nuair a rinne siad iarratas faoi Deis, mar shampla, rinne siad iarracht buile faoi thuairim a thabhairt ar cén ghné dá gcleachtas cruite a mheasfaí mar rud oiriúnach le haghaidh 'Na hEalaíona Traidisiúnta' agus mhúnlaigh siad a dtogra, agus a gclár gníomhaíochtaí, dá réir sin. Is é an ról atá ag maoiniú na Comhairle ná tacú le bláthú iomlán an traidisiúin cruitireachta i gcomhthéacs comhaimseartha, agus gan bac a chur ar an léiriú sin. Ba cheart don Chomhairle a chinntiú go bhfuil scéimeanna, dámhachtainí agus beartais Ceoil agus na nEalaíon Traidisiúnta sách solúbtha chun freastal ar raon leathan tograí cruitireachta Gaelaí agus go bhfuil an pobal cruitireachta ar an eolas faoi na beartais sin.

### Moltaí

**4.5.1** Moltar go dtabharfadh an Chomhairle Ealaíon faoi thionscnamh feasachta poiblí ag imeachtaí cruitireachta chun tuilleadh cruitirí a spreagadh le hiarratas a dhéanamh ar a raon scéimeanna agus dámhachtainí reatha.

**4.5.2** Ba cheart don Chomhairle a chinntiú go bhfuil scéimeanna, dámhachtainí agus beartais Ceoil agus na nEalaíon Traidisiúnta sách solúbtha chun freastal ar raon leathan tograí cruitireachta Gaelaí agus go bhfuil an pobal cruitireachta ar an eolas faoi na beartais sin.



Natalie Surina ó Ériú Harps ag scrúdú maisiúcháin ar mhacasamhail úrnua de chruit ó Choláiste na Tríonóide. Co. na Gaillimhe. Grianghraf le Peter Walsh

## 4.6 Cumadóireacht agus Coimisiúin

Is cuid stairiúil den traidisiún cruitireachta í an chumadóireacht, ach ní dhearnadh coimisiúnú ach ar 12 dhuine a d'fhreagair an suirbhé chun ceol nua a scríobh. Mhaoinigh an Chomhairle Ealaíon trí thionscadal cumadóireachta le beirt chruitirí le cúig bliana anuas.

Ba cheart don Chomhairle Ealaíon tuilleadh cruitirí agus cumadóirí-cruitirí a spreagadh, mar aon le féilte, ensembles, tionscnóirí agus cumadóirí eile, teacht chun cinn le tograí nuálacha le haghaidh coimisiúin nua, ar scála beag agus mór, le haghaidh na dtrí chineál cruite.

Bheadh buntáiste breise ag baint le sraith oícheanta oscailte de shaothar nua Éireannach don chruit agus do chruitirí, is é sin go n-ardófaí clú na cruitireachta Gaelaí comhaimseartha.

### Moladh

**4.6.1** Moltar go bhfáilteodh an Chomhairle Ealaíon roimh thionscadail nuálacha ó speictream iomlán earnáil na n-ealaíon chun saothar nua le haghaidh gach cineál cruite a choimisiúnú.

## 4.7 Inacmhainneacht na cruite

Tarraingíodh aird ar phraghas na cruite sa tuarascáil ó 2004, *I dTreo Bheartas um na hEalaíona Traidisiúnta* agus ba rud é a ardaíodh arís sa taighde seo.

Tá cruit tosaitheora do leanbh beag idir €165 (cruit naíonán Callan 14 théad, Éire) agus €315 (Harpsicle Harps, SAM), ach nuair a théann dalta ar aghaidh go tapa chuig cruit luamhán níos mó, leis na téada iomlána a theastaíonn (34-36), d'fhéadfadh praghsanna uirlisí nua a bheith thart ar €3,000 nó níos mó.

Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfá thart ar €2,200 nó níos mó a íoc ar sheanchláirseach.

Mar gheall ar an airgead mór a bhaineann leis an gcruit a fhoghlaim in Éirinn (in éineacht le híoc as ceachtanna agus taisteal chuig ceachtanna) ní hiontas ar bith go gcuireann sé cosc ar dhaoine an chruit a fhoghlaim, agus is cúis imní leanúnach é sin do chruitirí.

## Cruit ar cíos

Is mar seo a leanas atá an cás in Éirinn:

- Tá cúig chruit luamhán ar cíos ag Cairde na Cruite agus cosnaíonn ceann €50 in aghaidh na míosa;
- Tá 14 sheanchláirseach ag Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann le tabhairt ar cíos ar chostas €35 in aghaidh na míosa agus éarlais €150;
- Tá 78 cruit de mhéideanna éagsúla ag an Irish Harp Centre le ligean amach ar cíos. Cosnaíonn sé €30 in aghaidh na míosa cruit 26 téad a fháil, €40 ar chruit idirmheánach (29–31 téad), agus idir €55-60 ar chruit 34 téad. Bíonn éarlaisí idir €100 agus €200 le híoc;
- Tá scéimeanna cíosa don chruit luamhán ar fáil freisin ó roinnt déantóirí cruite, mar shampla, Killarney Harps, agus na praghsanna ag tosú ag €53 in aghaidh na míosa. Is é 12 mhí an tréimhse cíosa agus cuirtear cuid de phraghas na cíosa i dtreo an chostais má cheannaíonn an cruitire an uirlis sa deireadh thiar.

Tá cruiteanna luamhán freisin i stórtha uirlisí roinnt de chraobhacha Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, mar shampla, tá cúig chruit san Eochaill, Co. Chorcaí, ach ba dheacair leo múinteoir a aimsiú; tá dhá chruit i gcraobh Chúil na Sméar i nDún Garbhán, Co. Phort Láirge agus triúr ag fáil ceachtanna ansin; tá trí chruit 34 téad den Camac Hermine i gcraobh Phort Laoise agus ochtar daltaí ansin (tá ranganna cruite ag an gcraobh sin le trí bliana); tá cruit amháin 34 téad i gCraobh Dhún Dealgan de Chomhaltas i nDún Dealgan agus seachtar daltaí; agus tá dhá chruit agus ceathrar daltaí sa chraobh i nDúglas.

Sampla eile is ea an siopa Monaghan Music and Piano Shop, ina bhfuil scéim cíos-is-ceannaigh le haghaidh cruiteanna do thosaitheoirí chraobh Bhéal Tairbirt de Chomhaltas. Tá ceathrar leanaí agus triúr daoine fásta ag fáil ceachtanna sa chraobh anois.

Níl cruit dá gcuid féin ag formhór an 60 dalta atá ag foghlaim na cruite le Music Generation i Laois agus tá siad ag úsáid cruiteanna 26 téad a chuir Music Generation ar fáil don scoil. Cheannaigh Music Generation fiche cruit 26 téad. Mar gheall ar chúrsaí airgid, ní raibh siad in acmhainn uirlisí 34 téad a cheannach.

Thug Scéim Chaipitil Music Network €19,860 do Ensemble Cruiteanna Cairde Ceol i Loch Garman in 2010 chun cruiteanna a cheannach. Tá dhá chruit cheolchoirme agus ceithre chláirseach ag Scoil Cheoil Chorcaí CIT (is ann atá cruit Phádraig Mhic Phiarais freisin).

## Samhail an Chumainn Clarsach

Is ionann an 'clarsach' san Albain agus an chruit luamhán.

Tá córas chun cruit a fháil ar cíos ar fud na tíre ag an gCumann Clarsach in Albain, atá i bhfeidhm ó 1931 agus tá os cionn 150 cruit acu (agus 25 breise i gcraobhacha aonair) le fáil ar cíos ar £25stg (€35) in aghaidh na míosa. Tá trí cinn déag de chraobhacha Chlarsach sa RA – ocht gcinn in Albain (lena n-áirítear craobh clarsach den téad-sreinge, i.e. cruit Albanach luath), ceithre cinn i Sasana agus ceann amháin sa Bhreatain Bheag.

Tá ag éirí go maith leis an tsamhail atá i bhfeidhm ag an gCumann Clarsach in Albain – sin stór mór uirlisí agus an cíos íseal agus gan aon teorainn ar an tréimhse a mbeidh

uirlis ar cíos agat. Dar le Creative Scotland (Comhairle Ealaíon na hAlban roimhe seo), tá an clarsach i measc na dtrí uirlis is mó a bhfuil tóir orthu sa cheol traidisiúnta in Albain, in éineacht leis an bhfidil agus an bosca ceoil.

Tá an bailiúchán seo cruiteanna cruinnithe acu leis na blianta. Measann an Cumann Clarsach gur ceannaíodh a bhformhór trí chistí arna nginiúint go hinmheánach, ach bronnadh maoiniú orthu freisin chun cruiteanna a cheannach ó Creative Scotland chomh maith le húdaráis áitiúla.

Tá ceathrar déantóirí cruite tráchtála lánaimseartha in Albain, ach ceannaíonn an Cumann Clarsach cruiteanna freisin ó Pilgrim i Sasana, ó Camac sa Fhrainc agus ó Aoyama sa tSeapáin.

## Dúshlán na hÉireann

Is dúshlán fíorbhunúsach é inacmhainneacht cruiteanna don uirlis in Éirinn agus ní mór tús áite a thabhairt dó ionas go mbeidh an chruit in ann forbairt.

Réiteach amháin is ea stór mór uirlisí agus scéim chun cruiteanna a fháil ar cíos a ndéanfaí poiblíocht mhaith uirthi, a riarfaí go héifeachtach agus a bheadh ar fáil go forleathan. Arís, tá sé ríthábhachtach go bhfaigheann eagraíochtaí cruite dóthain maoiniú riaracháin ionas go mbeidh na hacmhainní acu chun scéim mar sin a riar.

D’fhéadfaí scéim chun cruiteanna a fháil ar cíos ar fud na tíre a fhorbairt don chruit luamhán, ar a bhfuil an t-éileamh is airde i láthair na huaire, agus is réimse é ina bhféadfadh Cairde na Cruite ról ceannaireachta a bheith acu, agus ina bhféadfaidís comhoibriú leis an Irish Harp Centre chuige sin.

Tá úsáid den scoth bainte ag Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann as na scéimeanna caipitil ceoil atá ar fáil agus d’fhéadfadh eagraíochtaí eile an rud céanna a dhéanamh.

Ba cheart do Chairde na Cruite tús áite a thabhairt d’fhorbairt scéim chun cruiteanna a fháil ar cíos, agus leas a bhaint as scéimeanna atá ar fáil, agus comhoibriú le heagraíochtaí eile de mar is cuí, feasacht a chruthú i measc daltaí féideartha agus tuismitheoirí faoi na huirlisí atá ar fáil go náisiúnta faoi láthair, agus straitéis a fhorbairt chun scéim éifeachtúil agus cuimsitheach chun cruiteanna a fháil ar cíos a chruthú. Tá an tionscnamh seo ag brath ar bhunmhaoiniú a chur ar fáil ionas go mbeidh an eagraíocht in ann an obair seo a dhéanamh.

## Moladh

**4.7.1** Ba cheart do Chairde na Cruite tús áite a thabhairt d’fhorbairt scéime chun cruiteanna a fháil ar cíos ar fud na tíre le haghaidh na cruite luamhán, agus leas a bhaint as scéimeanna atá ar fáil, comhoibriú le heagraíochtaí eile agus feasacht a ardú maidir le hinfhaighteacht reatha ar fud na n-eagraíochtaí go léir. D’fhéadfadh an Chomhairle Ealaíon tacú leis an obair sin trí phríomh-mhaoiniú bliantúil rialta don eagraíocht.

## 4.8 Iomrá agus íomhá

Luaigh 14% iomrá íseal na cruitireachta Gaelaí comhaimseartha mar phríomhdhúshlán don fhoirm ealaíne; dar le 8% go mbeadh dúshlán mór ag eagraíochtaí spéis sa chruit a spreagadh, agus ba shaincheist é a thagann chun cinn go minic i dtuairimí sa suirbhé.

I gcás na gcruitirí féin, ba léir iomrá íseal na huirlise nuair nach raibh an uirlis in úsáid ag an gceolchoirm *Ceiliúradh* sa Royal Albert Hall in Aibreán 2014 chun comóradh a dhéanamh ar chuairt stáit an Uachtaráin Uí Uiginn ar an Ríocht Aontaithe.

Ba mhór an feall freisin d'iomrá na huirlise nach raibh aon chruitire ag seinm in *Riverdance – The Show*, mar aonréadaí ná mar bhall de bhanna an tseó (seinneadh an phíb uilleann, an fhidil, an bodhrán, an fheadóg ar ghléas íseal agus an bosca ceoil sa cheolchoirm).Tá *Riverdance – The Show* feicthe ag breis is 25 milliún duine ar fud an domhain le scór bliain.

Toisc nach mórán a chloiseann an pobal de cheol na cruite seachas ag póstaí agus ag ócáidí searmanais eile, áit a mbíonn gá le stór ceoil sonrach, cruthaíonn sé sin freisin tuairim theoranta maidir le cleachtas comhaimseartha na cruite.

Ach bhí tionscnaimh an-mhaithe ann freisin ar ndóigh. D'eagraigh Music Network roinnt camchuairteanna náisiúnta le blianta beaga anuas ina raibh cruitirí (taobh istigh de thríréad), ina measc Gráinne Hambly (2008), Laoise Kelly (2011), an cruitire as an mBreatain Bheag Siân James agus an cruitire as an Albain Mary Macmaster (2012), agus an cruitire as an gColóim Edmar Castaneda (2013) mar aonréadaí, agus an cruitire as an Albain Catriona McKay (2014). Bhí comhoibriú freisin idir Music Network agus Music Generation tráth ar chuir Castaneda agus McKay ceardlanna ar fáil do dhaltaí cruite agus cuireadh an-fháilte rompu.

Cé go bhféadfadh neart tionscnaimh mhaithe teacht chun cinn freisin ó na moltaí atá tugtha thuas maidir le dámhachtainí na Comhairle Ealaíon, is dúshlán faoi leith é dul i ngleic le hiomrá íseal na huirlise rud a dteastaíonn cur chuige faoi leith uaidh. Caithfear a bheith réamhghníomhach seachas frithghníomhach. Is fiú smaoineamh ar Fhéile Cruite Idirnáisiúnta Dhún Éideann.

### Féile Cruite Idirnáisiúnta Dhún Éideann

Cuireadh tús le Féile Cruite Idirnáisiúnta Dhún Éideann i 1982. Tá sé á rith ag an gCumann Clarsach agus maoiniú ag an bhféile ó Creative Scotland, Comhairle Cathrach Dhún Éideann, le hurraíocht ó dhéantóirí cruite agus raon lucht tacaíochta eile.

Bíonn Féile Cruite Idirnáisiúnta Dhún Éideann ar siúl ar feadh cúig lá mí Aibreáin agus bíonn aon cheolchoirm déag i gceist, taispeántas ó dhéantóirí cruite, seisiúin cruite inar féidir triail a bhaint astu, agus tairgtear freisin 43 cúrsa agus ceardlann le cruiteanna éagsúla. Bíonn os cionn 500 áit ar fáil do dhaltaí, ó thosaitheoirí go daoine a bhfuil scil acu sa chruitireacht. Múintear seánraí ceoil éagsúla agus níl aon ghné iomaíoch ag baint leis an bhFéile.

In 2014, bhí díreach faoi bhun 2,500 i láthair ag ceolchoirmeacha na féile agus díoladh

os cionn 2,000 ticéad. D'fhreastail 500 dalta ar na ceardlanna agus d'fhreastail 550 dalta ar na cúrsaí.

Is é an déantóir cruite Pilgrim Harps a chuir an Fhéile ar bun an chéad lá riamh mar chuid d'Fhéile Tíre Dhún Éideann. I 1984, ghlac craobh Dhún Éideann den Chumann Clarsach freagracht as an imeacht, agus de réir a chéile is é an Cumann Clarsach a bhí ina bun. D'fhostaigh an Cumann Clarsach an chéad riarthóir lánaimseartha (ar a mbíonn cúraimí na féile) i 1986. Ba bhuntáiste ón tús ar ndóigh gur fhorbair an Fhéile laistigh den Fhéile Tíre.

## Féile Cruite do Bhaile Átha Cliath

Níl aon ócáid mhór bhliantúil le haghaidh na cruite i gCathair Bhaile Átha Cliath faoi láthair. Má táthar chun iomrá na huirlise a ardú, is áit nádúrtha a bheadh anseo le tosú.

Dá gcuirfí ócáid bhliantúil cruite ar bun sa phríomhchathair, Féile Cruite Bhaile Átha Cliath mar shampla, bheadh ócáid den sórt sin in ann dul i gcion ar dhaonra mór, bheadh fáil níos éasca aige ar na meáin náisiúnta, agus bheadh líon níos mó den phobal idirnáisiúnta in ann freastal air.

D'fhéadfadh an Chomhairle Ealaíon tús a chur le hócáid mhór bhliantúil cruite i mBaile Átha Cliath nó a forbairt a spreagadh in 2016, trí chomhoibriú le hearnáil na cruite agus le heagraíochtaí eile ceoil araon. Ach an oiread le Féile Cruite Idirnáisiúnta Dhún Éideann, d'fhéadfaí ócáid cruite i mBaile Átha Cliath a chur ar bun ar dtús i gcomhar le féile cheoil eile, dá mbainfí leas a bhaint as an rogha sin. Is é 2016 cothrom 100 bliain Éirí Amach na Cásca ar ndóigh, ach chomh maith leis sin, is é cothrom 200 bliain é ó bhás Arthur O'Neill, an duine deiridh de na cruitirí a d'fhreastail ar fhéile 1792.

D'fhéadfaí sraith ceolchoirmeacha ardiomrá agus éagsúil a chur ar bun ag an ócáid ina gcuirfí stór ceoil idir thraidisiúnta agus nuálach i láthair, agus taispeántas déantóirí cruite, ceardlanna agus seisiúin chun triail a bhaint as cruit, agus freisin imeachtaí samhlaíocha oideachais agus teaghlaigh ina gcuirfí doimhneacht stair na cruitireachta in Éirinn i láthair an phobail i gcoitinne.

Níor cheart go dtabharfaí tacaíocht d'fhéile den sórt sin in ionad aon ócáid eile cruite.

## Moladh

**4.8.1** Moltar go spreagfadh an Chomhairle Ealaíon forbairt ócáid mhór bhliantúil cruite i mBaile Átha Cliath. Bheadh sé mar aidhm ag an bhféile seo clú na cruitireachta Gaelaí a ardú agus feasacht a ardú i measc an phobail maidir leis an stair shaibhir chruitireachta atá in Éirinn.

## 4.9 Teagasc

Luaigh 11% de na freagróirí fáil a bheith ar theagasc na cruite mar dhúshlán do chruitirí, agus bhí sé sin le feiceáil arís is arís i dtuairimí sa suirbhé.

Mar a thugann Léarscáileanna 1-5 le fios, tá lear mór de na contaetha ar fad nach bhfuil aon teagasc cruite in aice láimhe iontu.

Ina theannta sin, fiú amháin nuair a bhíonn múinteoir ar fáil, bíonn drogall ar dhaoine tabhairt faoi ranganna teagaisc na cruite ar fhaitíos nach mbeadh fáil acu ar uirlisí, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh áiteanna ach do líon beag daltaí.

Mar chéad chéim chun dul i ngleic le teagasc cruite ba cheart bunachar sonraí cuimsitheach ar líne a fhorbairt den teagasc atá ar fáil faoi láthair (cruit luamhán, seanchláirseach agus cruit cheolchoirme) agus den réimse a chumhdaíonn múinteoirí, obair a bhféadfadh Cairde na Cruite a dhéanamh i gcomhar le heagraíochtaí eile.

Mar dhara céim, chomh maith le córas cuimsitheach chun cruiteanna a fháil ar cíos a fhorbairt, is féidir le heagraíochtaí cruite éileamh a chruthú ar cheachtanna trí thionscnaimh chun triail a bhaint as an gcruit a chur ar bun ar fud na tíre.

Tá na Píobairí Uilleann ag gabháil d'iarracht mar sin i láthair na huaire, ag eagrú imeachtaí i gcontaetha éagsúla áit ar féidir le leanaí triail a bhaint as an bpíb uilleann.

Feidhmíonn Music Generation, an clár náisiúnta oideachas ceoil, de réir éilimh i dtaca leis na huirlisí ar a ndíríonn sé. Tá sé tábhachtach, dá bharr sin, go gcruthaíonn eagraíochtaí cruite, cosúil leis na Píobairí Uilleann, imeachtaí inar féidir le leanaí triail a bhaint as an gcruit, rud dá réir sin a chruthódh éileamh ar theagasc.

### Féilte agus scoileanna samhraidh

Mar a thaispeántar i gCairteacha 14 agus 17, tá féilte agus scoileanna samhraidh ag a gcuirtear teagasc cruite agus comórtais chruite ar fáil, ar nós na bhféilte san Obair, i gCéideadh agus, suas go dtí le gairid, i nGránard, thar a bheith tábhachtach i bhforbairt ceoil cruitire, agus bhí siad lárnach chun próifíl na huirlise a fhorbairt. Tá sé tábhachtach go leanann an Chomhairle Ealaíon ag tacú le féilte agus le scoileanna samhraidh a chuireann teagasc ardchaighdeáin cruite ar fáil agus go spreagfaí tuilleadh féilte chun an chruit a chur lena liosta de theagasc atá ar fáil.

### Moltaí

**4.9.1** Ba cheart don Chomhairle Ealaíon tacaíocht a thabhairt do Chairde na Cruite agus iad a spreagadh, i gcomhar le heagraíochtaí cruite eile, chun bunachar sonraí cuimsitheach ar líne a fhorbairt de theagasc cruite atá ar fáil (thar gach cineál cruite), agus chun imeachtaí a eagrú ina bhféadfaidh daltaí féideartha triail a bhaint as an gcruit.

**4.9.2** Moltar go leanfadh an Chomhairle Ealaíon ag tacú le féilte agus le scoileanna samhraidh ag a dtugtar teagasc cruite ar ardchaighdeán agus go spreagfaí tuilleadh imeachtaí chun an chruit a chur lena liosta de theagasc atá ar fáil.

## 4.10 Déanamh cruiteanna

Ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag bunachar sonraí cuimsitheach de mhúinteoirí cruite, ag scéim chun cruiteanna a fháil ar cíos ar fud na tíre, agus ag eagraíochtaí cruite le hacmhainní níos fearr ar dhéanamh cruiteanna in Éirinn, ach ní mór a chinntiú ag an am céanna go mbainfidh déantóirí cruite luach saothair as na forbairtí sin.

D'fhéadfaí déantóirí cruite a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar scéimeanna agus ar dhámhachtainí na Comhairle Ealaíon d'fhonn tacaíocht a fháil dóibh seo a leanas

- gníomhaíochtaí poiblíochta faoi leith cosúil le hábhar poiblíochta a chruthú nó chun freastal ar imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta cruite;
- suíomhanna gréasáin gairmiúla a fhorbairt;
- an trealamh a theastaíonn chun cruiteanna a dhéanamh a cheannach;
- meantóireacht a thabhairt do phrintísigh atá in ann cabhrú le táirgiúlacht a mhéadú;
- taighde a dhéanamh ar na teicnící a úsáidtear chun an tseanchláirseach a dhéanamh;
- comhoibriú le cruitirí gairmiúla, le déantóirí cruiteanna eile agus le hIonad PipeCraft na bPíobairí Uilleann féachaint le scileanna agus caighdeáin a fheabhsú;
- cumann déantóirí uirlisí Éireannach a bhunú a bheadh in ann feachtas a rith le haghaidh beartas Rialtais a chuideoidh chun an earnáil a fhorbairt.

### Moladh

**4.10.1** D'fhéadfadh an Chomhairle Ealaíon déantóirí cruiteanna a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar raon scéimeanna agus dámhachtainí na heagraíochta d'fhonn a saothar a chur chun cinn, táirgiúlacht a mhéadú agus an earnáil déanta cruiteanna a fhorbairt.

## 4.11 Acmhainní

Mar a luadh i stair ghairid na cruite ag tús na tuarascála seo, tá obair Edward Bunting thar a bheith tábhachtach do chruitirí, mar atá bailiúcháin eile de luathcheol na hÉireann, agus tá sé riachtanach go mbeidh saothair den sórt sin ar fáil go forleathan i gcónaí.

Tá an t-uafás fós faoi luathchruitirí agus faoi luath-thraidisiún cruitireachta na hÉireann, agus fiú amháin an chruit sa naoú agus san fhichiú haois déag, nach bhfuil a fhios againn aon cheo faoi, agus ní mór taighde a dhéanamh air sin. D'fhéadfadh an Chomhairle Ealaíon leanúint ag tacú le tograí taighde agus foilsithe sa réimse .

### Moladh

**4.11.1** Ba cheart don Chomhairle Ealaíon iarracht a dhéanamh tacú le taighde agus le foilsithe maidir le luathchruitirí na hÉireann, an luath-thraidisiún cruitireachta, agus an chruit in Éirinn sa naoú agus san fhichiú haois déag.

# CONCLÚID

Creidim go gcinnteoidh na moltaí sa tuarascáil seo go mbeidh todhchaí láidir ag an gcruit in Éirinn, agus go saibhreofar freisin saol ceoil na hÉireann, agus cuirim faoi bhráid na Comhairle Ealaíon í dá breithniú.

Tá oidhreacht shaibhir cheoil le feiceáil i measc cruitirí agus déantóirí cruite araon, agus iad aontaithe le chéile ag an oidhreacht sin, arb iadsan caomhnóirí na hoidhreachta sin, agus freisin na ceoltóirí is fearr atá in ann an traidisiún sin a iniúchadh, a fhorbairt agus fiú dúshlán a thabhairt dó.

Is láidreacht í an éagsúlacht atá le brath sa phobal seo. Ba cheart an t-ómós céanna a thabhairt do gach léiriú comhaimseartha a thugtar de thraidisiún na cruitireachta Gaelaí.

Má chruthaítear spiorad comhoibrithe i measc na héagsúlachta, le hinspioráid ó thraidisiún 1,000 bliain, is féidir leis sin an chruitireacht Ghaelach a mhúnlú san aonú haois is fiche.

*Ní neart go cur le chéile.*

Toner Quinn
17 Deireadh Fómhair 2014



Aodán Ó Dubhghaill agus Áine Ní Dhubhghaill
ag an gCúirt Chruitireachta – Féile Idirnáisiúnta
na Cláirsí, Tearmann Feichín, Co. Lú.
Grianghraf le Kieran Cummins

**Cover image:** *Harps on the Liffey* – the launch of love: live music 2010. Photo by Maxwells